Comhairliú ar dhréacht-Rialacháin chun riachtanais a bhaineann le tuairisciú faisnéis dalta do thuismitheoirí agus a bhaineann le coinneáil, nochtadh agus haistriú taifid dalta a shonrú

Leabhrán ar Fhreagairt Comhairlithe

Ainm: _____

Eagraíocht: _____

Uimh Thag na Scoile: _____ *(más cuí)*

Uimhir Theagmhála: _____

Is é 20 Márta 2009 an dáta deiridh don chomhairliúchán

Caithfidh do bharúlacha a bheith linn faoin dáta thuasluaite

Department of Education
www.deni.gov.uk
AN ROINN Oideachais
MÄNNYSTRIE O Lear

INVESTOR IN PEOPLE

Sanas

Sa doiciméad comhairlithe seo:

Ciallaíonn na “dréacht-Rialacháin” “na dréacht Rialacháin (Tuaisceart Éireann) Oideachais (Taifid agus Tuairisciú Dalta) 2009”;

Ciallaíonn “ Ábhair Fhoghlama” na hábhair churaclaim atá reachtúil do gach eochairchéim. Tá siad reachtúil ag an Ord (Tuaisceart Éireann) Oideachais (Curaclam Íos-Ábhair) 2007;

Ciallaíonn na “Scileanna Traschuraclaim” na scileanna i gCumarsáide, in Úsáid na Matamaitice agus in Úsáid Theicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC), atá reachtúil ag an Ord Oideachais (Tuaisceart Éireann) 2006;

Ciallaíonn na “scileanna eile”, ag bonnchéim go hEochairchéim 3, na scileanna seo: Smaointeoireacht, Fadhbréiteach agus Cinnteoireacht, Féinbhainisteoireacht; Ag Obair le Daoine Eile; Ag Láimhseáil Faisnéise; agus a Bheith Cruthaitheach. Ag eochairchéim 4 is iad na scileanna Fadhbréiteach, Féin-bhainisteoireacht; agus Ag Obair le Daoine Eile. Tá siad reachtúil ag an Ord (Tuaisceart Éireann) Oideachais (Scileanna Eile) 2007.

Ciallaíonn “Leibhéil” an leibhéal a mheasann an múinteoir atá bainte amach ag dalta ag deireadh eochairchéimeanna 1-3 (i.e. Blianta 4,7 agus 10). Beidh an Roinn ag tabhairt isteach “leibhéil dhul chun cinn” do scoileanna agus feicfidh tú tagairtí dóibh seo sna dréacht-Rialacháin. Go dtí go dtabharfar isteach leibhéil dhul chun cinn, tá an Roinn ag dúil go leanfar scoileanna ar aghaidh ag úsáid na dtuairiscíní leibhéil atá ann cheana féin do dheireadh eochairchéime. Tabharfaidh seo leanúnachas faisnéise;

Ciallaíonn “Taifead Foirmitheach Gnóthachtála” taifead foirmeálta ar gnóthachtálacha acadúla dalta, ar scileanna eile, ar thallanna agus ar ghnóthachtálacha agus ar dhul chun cinn oideachasúil;

Ciallaíonn “Tuismitheoir”, chomh maith le tuismitheoir, duine nach tuismitheoir páiste nó duine óig é ach a bhfuil freagracht tuismitheora aige dó, nó a bhfuil cúram aige air.

Cúlra

Chun tacú leis an churaclam athbhreithnithe agus leis na socruithe gaolmhara measúnaithe, tá gá le hathbhreithniú ar shocruithe tuairiscithe do thuismitheoirí agus don rialtas. Leagann na Rialacháin (Tuaisceart Éireann) Oideachais ar Thaifid agus Thuairisciú Dalta (Idirthréimhseach) 2007 amach na socruithe idirthréimhseacha atá i bhfeidhm ó mhí an Mhárta 2007. Is féidir cóip de na Rialacháin seo a bhreathnú ag www.opsi.gov.uk/sr/sr2007/pdf/nisr_20070043_en.pdf.

Tá trí phríomhaidhm ag na dréacht-Rialacháin (Tuaisceart Éireann) Oideachais (Taifid agus Tuairisciú Dalta) 2009 maidir le tuairisciú faisnéise do thuismitheoirí:

- a haon, cinntiú go dtuairiscítear gach bliain do thuismitheoirí an dalta, dul chun cinn an dalta thar na hábhair fhoghlama, thar na scileanna traschuraclaim, thar na scileanna eile, agus torthaí scrúduithe poiblí ar bith a rinne an dalta;
- a dó, cinntiú go dtuairiscítear torthaí measúnaithe i dtéarmaí leibhéil do thuismitheoirí an dalta aonair (agus don Chomhairle Curaclaim, Scrúdúcháin agus Measúnaithe) maidir leis na scileanna traschuraclaim ag deireadh eochairchéim 1, 2 agus 3; agus
- a trí, cinntiú go dtugtar faisnéis shuimitheach don dalta, ag deireadh eochairchéim 3, agus do dalta nó dá thuismitheoirí, ag deireadh oeachairchéim 4 agus ag deireadh an tséú bliain uachtarach. Bainfidh an fhaisnéis shuimitheach leis na leibhéil a baineadh amach ag deireadh eochairchéim 2 (do dhaltaí eochairchéim 2 amháin), le scrudú poinlí ar bith a rinneadh, le gnóthachtálacha thar an churaclam, le gnóthachtálacha seach-churaclaim agus le haon fhreagracht a bhí aige.

Is é an aidhm go soláthróidh na dréacht-Rialacháin gnáthábhair ar gá tuairisciú orthu, agus, mar sin de, go mbeidh níos mó ionannais faoina bhfuil tuairiscthe sna tuairiscí bliantúla a fhaigheann tuismitheoirí, is cuma cén scoil ar a bhfreastalaíonn a bpáiste.

Ar fud an doiciméid seo feicfidh tú codanna ina bhfuil do bharúlacha féin ar na riachtanais ar leith de na dréacht-Rialacháin á lorg.

Tá cóip de na dréacht-Rialacháin ceangailte ag Iarscríbhinn A mar áis tagartha.

Chomh maith le cinntiú go bhfaighidh tuismitheoirí agus daltaí eolas cuí go tráthúil, is aidhm dó na dréacht Rialacháin cinntiú go n-aistrífear taifid daltaí, faisnéis measúnaithe

san áireamh, go héifeachtach agus go tráthúil idir scoileanna, go háirithe idir na céimeanna bunscoileanna agus iarbhunscoileanna.

Tá nóta ag deireadh na ndréacht-Rialacháin in Iarscríbhinn A a mhíníonn cad é a chuimhsíonn gach rialachán taobh istigh de na dréacht-Rialacháin.

Aischothú faighte

Bá í scoilbhliain 2007/08 an chéad bhliain a cuireadh an curaclam athbhreithnithe i bhfeidhm agus d'ainmnigh an tAire Oideachais, Caitríona Ruane ina bliain idirthréimhseach í. Rinneadh seo chun faill a thabhairt do scoileanna tosú ar thabhairt isteach na socruithe curaclaim agus measúnachta.

Do bhunscoileanna in 2007/08 fuair tuismitheoirí daltaí Bliain 1 agus Bliain 5 tuairisc bhliantúil athbhreithnithe. Rinne an Chomhairle Curaclaim, Scrúdúcháin agus Measúnaithe (CCSM) suirbhé ar dhearcadh tuismitheoirí, múinteoirí agus príomhoidí ar an tuairisc bhliantúil, agus cuireadh torthaí an tsuirbhé seo san áireamh sna socruithe atá leagtha amach sna dréacht-Rialacháin seo.

Bunaithe ar an aischothú a fuarthas ó thuismitheoirí, ó mhúinteoirí agus ó phríomhoidí, leag an Roinn amach (i Sceideal 1 de na Rialacháin) cad é ba chóir a bheith sa tuairisc bliantúil do thuismitheoirí faoi dhalta i ngach eochairchéim agus sa séú bliain.

Ábhar agus formáid na tuairisce bliantúla do thuismitheoirí, agus téarmaíocht a bhaineann léi

Tá formáidí tuairiscithe ar fáil faoi dhaltaí sa Bhonnchéim, Eochairchéimeanna 1 agus 2, agus formáid ar leith faoi dhaltaí le Deacrachtaí Foghlama Ollmhóra agus Iolracha, a thig le múinteoirí a roghnú do dhaltaí le Géardheacrachtaí Foghlama. Léirigh aischothú ó 2007/08, áfach, gur mhothaigh roinnt scoileanna go raibh an fhormáid cuidiúil, cé gur thug scoileanna eile le fios go raibh siad ag tabhairt níos lú faisnéise ná mar a thug siad roimhe as siocair go raibh orthu cloí le formáid ar leith. Mar sin de ní dhéanann na dréacht-Rialacháin riachtanas reachtúil de na formáid. An rud a bheidh reachtúil, na hábhair a chaithfear a thuairisciú mar íosriachtanas, beag beann ar an scoil ar a bhfreastalaíonn dalta. Ní uasteorainn atá sna hábhair seo do na scoileanna, mar sin de tig le scoileanna, a thugann amach de ghnáth m.sh. torthaí scrúduithe ranga nó faisnéis eile measúnaithe do thuismitheoirí, leanúint ar aghaidh ag déanamh amhlaidh.

Mar aon leis seo, tá ‘próifíl dalta’ forleathan mar ainm ar an tuairisc bhliantúil do thuismitheoirí. Dar leis an Roinn, cuireann seo leis an mhearbhall faoi cad is tuairisc bhliantúil ann, agus faoina feidhm. Mar sin de níl sé ar intinn ag an Roinn an téarma ‘próifíl dalta’ a úsáid, ach déanfar tagairt ar an tuairisc bhliantúil do thuismitheoirí. Tá seo léirithe sna dréacht-Rialacháin, agus léireofar seo i gcumarsáid ar bith eile ón Roinn agus ó na comhpháirtithe oideachais amach anseo.

Tá sé tábhachtach a lua nach uirlis mhalartach le haghaidh roghnaithe í an tuairisc bhliantúil do thuismitheoirí, agus ní úsáidfear í chun daltaí a roghnú le haghaidh dul isteach i meánscoil.

Tá sé molta sna dréacht-Rialacháin go mbeidh an dualgas ar phríomhoide na scoile cinntiú go mbainfear amach na riachtanais tuairiscithe do thuismitheoirí, agus go mbeidh an dualgas ar Bhord Gobharnóirí na Scoile cinntiú go gcoinnífear taifead foirmitheach gnóthachtála agus go nuashonraífear é ar a laghad uair amháin sa bhliain do gach dalta, agus go n-aistrífear faisnéis measúnaithe go scoil iar-bhunscoile an dalta. Bhíodh na dualgais seo ar an phríomhoide agus ar an Bhord Gobharnóirí na Scoile faoi na hiarshocruithe tuairiscithe.

Ní bhaineann na riachtanais ar thuairisciú bliantúil, ná na riachtanais chun taifead foirmitheach gnóthachtála a choinneáil, le naíscoileanna, ná le daltaí ar bith i mbunscoil nó i scoil speisialta nár bhain aois éigeantach scoile amach go fóill. Caithfear cibé taifid oideachasúla a bhaineann leis na páistí seo, áfach, a thabhairt do bhunscoil nuair a aistreoidh an dalta.

Sa Ghaelscolaíocht, sonraítear sna dréacht-Rialacháin go bhfuil sé ceadmhach na tuairiscí a dhéanamh i nGaeilge agus/nó i mBéarla, agus níl rud ar bith iontu a athróidh an cleachtadh tuairiscithe san earnáil faoi láthair. Uaidh sin, tá cead sa Ghaelscolaíocht a thug roimhe seo tuairisc ar Theanga agus Litearthacht na Gaeilge faoi dhaltaí i mBliain 1 go Bliain 4, agus ar Theanga agus Litearthacht na Gaeilge agus an Bhéarla ó Bhliain 5 ar aghaidh, leanúint ar aghaidh leis an chleachtas seo nó gan leanúint ar aghaidh leis, ag brath orthu féin.

Ceisteanna Comhionannais

I ndiaidh iarmhairt na rialachán molta a chur san áireamh i dtaca le grúpaí Rannóg 75 agus an tAcht Cearta Daonna socraíodh nach raibh gá le Measúnú iomlán Iarmhairt

Comhionannais. Tá cóip den fhoirm Scagtha ar fáil ó shuíomh gréasáin an Roinn Oideachais ag www.deni.gov.uk.

Saoráil Faisnéise (SF)

Faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 2000, tá ceart rochtana ag an phobal ar fhaisnéis ar bith atá ag an Roinn, faisnéis a tugadh mar fhreagairt ar chomhairliúchán san áireamh. Más fearr leat go n-amharcfaí ar do fhreagairt mar fhaisnéis faoi rún, scríobh chugainn le do thoil chun do chúiseanna a mhíniú go soiléir. Cuirfidh muid d'iarratas san áireamh má iarrtar orainn faisnéis a nochtadh faoi fhreagairtí ach ní thig rúndacht a chinntiú. Láimhseofar aon fhaisnéis phearsanta a thugann tú dúinn mar is cuí, áfach, agus ar aon dul leis an Acht um Chosaint Sonraí 1998

Le tuilleadh faisnéise faoi rúndacht freagairtí téigh i dteagmháil leis an Choimisinéir Faisnéise ag 028 9026 9380 nó cuir r-phost chuig ni@ico.gsi.gov.uk.

Ticeáil le do thoil más maith leat go gcoinneoidh muid d'fhreagairt faoi rún ☐

Mínigh le do thoil an fáth gur mhaith leat d'fhreagairt a bheith faoi rún:

Ainm	
Eagraíocht (más cuí)	
Seoladh:	

Tuilleadh Faisnéise

Má tá ceist ar bith agat a bhaineann le hábhar polasaí an chomhairliúcháin tá fáilte romhat dul i dteagmháil leis an Fhoireann Curaclaim agus Measúnaithe ar na bealaí seo a leanann: -

R-phost: reportingregulationsconsultation@deni.gov.uk

Guthán: 028 9127 9753

Facs: 028 9127 9100

Más maith leat freagra a thabhairt ar an chomhairliúchán seo, líon isteach an doiciméad freagartha a leanann le do thoil, nó íoslódáil cóip ó **www.deni.gov.uk.** Cé gurbh fhearr linn freagairtí r-phoist chuig reportingregulationsconsultation@deni.gov.uk is féidir freagairtí scríofa a sheoladh chuig: -

Foireann Curaclaim agus Measúnaithe
An Roinn Oideachais
Teach Ráth Gael
Bóthar Bealach Lú
Beannchar
Co an Dúin
BT19 7PR

Tabhair faoi dear, le do thoil, go gcaithfear gach freagairt ar an chomhairliúcháin a bheith faighte ar 20 Márta 2009 .

Freagairt ar Chomhairliúchán

Cuir in iúl le do thoil cé acu is fearr a chuireann síos ort mar fhreagróir ar an chomhairliúchán seo

☐ Tuismitheoir	☐ Duine Óg	☐ Múinteoir
☐ Ball eile fhoireann scoile Sainigh thíos faoi	☐ Príomhoide nó ball eile d'fhoireann sinsearach scoile	☐ Comhpháirtí Oideachais Sainigh thíos faoi
☐ Eagraíocht Deonach	☐ Foras Cáiliúcháin Sainigh thíos faoi	☐ Eagraíocht Míchumais
☐ Údarás Rialála	☐ Eile - Sainigh thíos faoi	

Sainigh le do thoil:

Pointe Comhairliúcháin 1
Cad é a thuairiscítear do thuismitheoirí go bliantúil?

Éilíonn na dréacht-Rialacháin ar phríomhoide cinntiú go bhfaigheann tuismitheoirí an fhaisnéis seo a leanas go bliantúil:

- Torthaí bliantúla measúnaithe an dalta maidir le Cumarsáid (gnóthachtálacha san achar foghlama Teanga & Litearthacht curtha san áireamh) agus maidir le hÚsáid Matamaitice (gnóthachtálacha san achar foghlama Matamaitic & mUimhearthacht curtha san áireamh);

- Sonraí gairide ar ghnóthachtálacha an dalta in achar eile foghlama nó ar ghníomhaíocht eile ar bith atá mar chuid dá churaclam;

- Taifead foirmitheach ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachtáil an dalta;

- I gcúinsí ar Leith, is féidir go mbeadh dalta saor ó staidéar a dhéanamh ar ghné den churaclam, nó ó roinnt socruithe measúnaithe. Mar shampla, mar go bhfuil ráiteas riachtanais speisialta aige a dhéanann saor é, nó mar gur cheart dó a bheith saor dar le tuairim ghairmiúil an phríomhoide. I gcás ar bith ina bhfuil dalta soar ó chuid ar bith den churaclam nó ó shocruithe measúnaithe, caithfear seo a dhearbhú sa tuairisc bhliantúil do thuismitheoirí;

- Cáilíocht, bronnadh nó teastas a bhain an dalta amach, creidiúint ar bith a tugadh le haghaidh cáilíochta a n-ullmhaíodh an dalta lena haghaidh sa scoilbhliain sin curtha san áireamh.

Is ionann seo agus na socruithe atá in áit ó mhí Eanáir 2007. Roimhe sin, bhíodh ar thuismitheoir taifead foirmitheach ar dhul chun cinn nó ar ghnóthachtáil a pháiste a iarraidh. Ba mhaith leis an Roinn é a éascú do thuismitheoirí faisnéis ar dhul chun cinn a bpáiste a fháil ach ag an am céanna cinntiú go bhfuil na riachtanais indéanta ag múinteoirí.

<u>An aontaíonn tú gur chóir go mbeadh an fhaisnéis leagtha amach thuas curtha ar fáil do thuismitheoirí sa tuairisc bhliantúil?</u>

☐ Aontaím ☐ Ní aontaím ☐ Níl mé cinnte

Barúlacha:

Pointe Comhairliúcháin 2
Cén fhaisnéis bhreise a thuairiscítear ag deireadh eochairchéimeanna 1, 2 agus 3?

Éilíonn na dréacht-Rialacháin ar phríomhoide cinntiú go bhfaigheann tuismitheoirí an fhaisnéis seo a leanas do dhaltaí ag deireadh eochairchéimeanna 1,2 agus 3:

- An leibhéal dul chun cinn atá bainte amach in aon scil traschuraclaim a ndearnadh measúnú ar an dalta;
- Ráiteas den leibhéal tuartha dul chun cinn do dhalta ag deireadh gach eochairchéime;
- Ráiteas ar an chéatadán daltaí sa rang a bhain amach an leibhéal tuartha i ngach scil traschuraclaim;
- Ráiteas ar na céatadáin daltaí ag deireadh gach eochairchéime sa scoil a bhain amach an leibhéal tuartha, atá ag obair i dtreo an leibhéil thuartha, agus atá saor ó mheasúnú i ngach scil traschuraclaim;
- Ráiteas ag léiriú má bhí dalta aonair saor ó mheasúnú i scil traschuraclaim.

Cad é faoi eochairchéim 4 agus faoin séú bliain?

Ag deireadh eochairchéim 4 nó ag deireadh an tséú bliain uachtarach, táthar ag dúil le go dtuairiscítear torthaí an dalta i gcáilíochtaí nó i scrúduithe ar bith a rinneadh, agus tá seo cuimsithe sna riachtanais bhliantúla; mar sin de, níl gá le faisnéis bhreise do na bliainghrúpaí seo sna dréacht-Rialacháin.

I riachtanais tuairiscithe roimhe seo, bhí ar scoileanna torthaí scrúduithe poiblí ar bith a rinne an dalta agus sonraí gairide faoina ghnóthachtáil thar an churaclam a thabhairt. Siocair go bhfuil na riachtanais seo san áireamh sna socruithe bliantúla, níl sé ar intinn ag an Roinn iad a athdhéanamh ag deireadh eochairchéime.

An aontaíonn tú go bhfuil scrúduithe agus curaclam clúdaithe sna riachtanais bhliantúla agus nach gá iad a athdhéanamh mar chuid den fhaisnéis bhreise ag deireadh eochairchéime?

☐ Aontaím ☐ Ní aontaím ☐ Níl mé cinnte

Barúlacha:

Pointe Comhairliúcháin 3

Chomh maith leis seo, roimhe seo bhí ar scoileanna tuairisc a thabhairt ar an chéatadán daltaí i rang a bhain amach gach leibhéal. Éilíonn na dréacht-Rialacháin go dtuairiscítear an céatadán daltaí i rang a bhain amach an leibhéal tuartha.

An aontaíonn tú go dtugann céatadán daltaí ag baint amach an leibhéal ionchais in áit *gach* leibhéal, go dtugann sé an fhaisnéis chuí do thuismitheoirí?

☐ Aontaím ☐ Ní aontaím ☐ Níl mé cinnte

Barúlacha:

Pointe Comhairliúcháin 4
Cén fhaisnéis shuimitheach atá tuairiscithe ag deireadh eochairchéim 2 agus 4 agus ag deireadh an tséú bliain uachtarach?

Éilíonn na dréacht-Rialacháin ar phríomhoide cinntiú go bhfaigheann tuismitheoirí an fhaisnéis seo a leanann do dhaltaí ag deireadh eochairchéim 2 (i.e. nuair atá siad ag fágáil na bunscoile), agus go bhfaigheann tuismitheoirí nó daltaí an fhaisnéis faoi dhaltaí ag deireadh eochairchéim 4 (i.e. nuair atá deireadh leis an scolaíocht éigeantach) agus ag deireadh an tséú bliain uachtarach (i.e. nuair atá siad ag fágáil na scoile):

- Nuair atá dalta ag deireadh eochairchéim 2, an leibhéal a bhain sé amach in aon scil thraschuraclaim ina ndearnadh measúnú orthu;

- Sonraí gairide ar a ghnóthachtáil in aon achar foghlama nó gníomhaíochta atá mar chuid den churaclam;

- Cáilíocht, bronnadh nó teastas bainte amach ag an dalta, creidiúint a tugadh le haghaidh cáilíochta a raibh an dalta faoi ullmhú dí agus an toradh is airde a baineadh amach agus an bhliain ar bronnadh é;

- Sonraí gairide ar aon chumann scoile, chlub nó ghníomhaíocht a raibh baint ag an dalta leis;

- Sonraí ar aon fhreagracht a bhí ag an dalta.

Éilíonn na dréacht-Rialacháin ar phríomhoide an fhaisnéis tuairisciú bhliantúil, dheireadh eochairchéime agus shuimitheach chuig tuismitheoirí faoin 30 Meitheamh gach bliain. Tugtar taifead suimitheach gnóthachtála ar an fhaisnéis seo. Má fhaigheann an príomhoide faisnéis i ndiaidh an dáta sin a bhaineann le scrúduithe poiblí nó measúnachtaí a rinne an dalta, éilítear air seo a thabhairt chomh luath agus is féidir.

Is ionann seo agus na hiar-riachtanais.

<u>An síleann tú go bhfuil leasú ar bith de dhíth ar an fhaisnéis shuimitheach atá ann ag deireadh eochairchéimeanna 2 agus 4, agus an séú bliain?</u>

☐ Sílim ☐ Ní shílim ☐ Níl mé cinnte

Barúlacha:

Cén fhaisnéis a chaithfidh scoil a thabhairt nuair a ghlacann scoil eile le dalta?

Pointe Comhairliúcháin 5
Aistriú ó bhunscoil go hiar-bhunscoil.

Éilíonn na dréacht-Rialacháin ar Bhord Gobharnóirí scoile cinnte a dhéanamh, nuair a ghlacann scoil eile le dalta, go bhfaigheann príomhoide nó Bord Gobharnóirí na scoile sin an fhaisnéis seo a leanas.

Má tá an dalta ag aistriú ó eochairchéim 2 go heochairchéim 3 i.e. ó bhunscoil go hiar-bhunscoil , caithfidh an bhunscoil na rudaí seo a leanas a chur ar fáil:

- An leibhéal atá bainte amach ag an dalta i ngach scil thraschuraclaim ina ndearnadh measúnú orthu, nó ráiteas má tá siad saor ó mheasúnú;
- Taifead foirmitheach dhul chun cinn agus ghnóthachtáil an dalta.

Caithfear an fhaisnéis seo a thabhairt do phríomhoide na hiar-bhunscoile ar a mbeidh an dalta ag dul roimh 30 Meitheamh sa scoilbhliain a chríochnóidh sé an bhunscolaíocht.

Tá sé an-tábhachtach go bhfaigheann foireann iar-bhunscoile faisnéis oideachasúil go tráthúil ar na daltaí a bheidh siad ag teagasc ón Mheán Fómhair dar gcionn.
Roimhe seo fuair an iar-bhunscoil faisnéis ar an leibhéal a bhain an dalta amach agus sonraí gairide ar a ghnóthachtáil trasna an churaclaim, ach bhí orthu scríobh agus taifead foirmitheach ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachtáil a iarraidh. Tá sé molta sna dréacht-Rialacháin go dtugtar amach an fhaisnéis leibhéil agus taifead foirmitheach ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachtáil roimh 30 Meitheamh mar ghnáthnós, agus go bhfuil sé de dhualgas ar Bhord Gobharnóirí na bunscoile cinnte a dhéanamh go dtarlaíonn seo.

<u>An aontaíonn tú go mbeidh sé ina chuidiú don iar-bhunscoil faisnéis ar leibhéal atá bainte amach ag dalta *agus* a thaifead foirmitheach ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachtáil a fháil mar ghnáthnós roimh 30 Meitheamh sa scoilbhliain chuí?</u>

☐ Aontaím ☐ Ní aontaím ☐ Níl mé cinnte

Barúlacha:

Pointe Comhairliúcháin 6

Aistriú ó scoil amháin go scoil eile.

Má tá dalta ag aistriú go scoil eile in am ar bith seachas an t-aistriú ó bhunscoil go hiar-bhunscoil , caithfidh Bord Gobharnóirí na scoile, óna bhfuil siad ag imeacht, cinnte a dhéanamh go gcuirfear an fhaisnéis seo a leanas ar fáil taobh istigh de 15 lá scoile:

- Taifead foirmitheach ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachtáil an dalta;

- Dá ndearnadh measúnú air i scil thraschuraclaim ag deireadh eochairchéime, an leibhéal atá bainte amach aige.

Má iarrann príomhoide nó Bord Gobharnóirí scoil atá ag glacadh le dalta, aon taifead oideachasúil eile, caithfear seo a thabhairt taobh istigh de 15 lá scoile agus cóip a chur chuig tuismitheoirí an dalta.

Chomh maith leis seo, caithfidh Bord Gobharnóirí socruithe a dhéanamh do dhalta nó dá thuismitheoirí cur i scríbhinn an áit a síleann siad go bhfuil cuid ar bith den taifead foirmitheach ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachtáil míchruinn. Caithfidh áit bheith ann sna socruithe seo le haghaidh leasuithe ar an taifead foirmitheach, nó le haghaidh ceangaltáin ag léiriú go bhfuil an dalta nó na tuismitheoirí den bharúil go bhfuil an taifead míchruinn, muna bhfuil sealbhóir an taifid sásta go bhfuil an taifead cruinn.

Caithfidh Bord Gobharnóirí ráiteas a choinneáil ina leagann sé amach na socruithe le faisnéis dalta a aistriú chuig scoil eile, agus le haghaidh na nósanna do dhalta nó dá thuismitheoirí scríobh isteach faoi aon mhíchruinneas i dtaca leis an taifead foirmitheach. Chomh maith leis seo caithfidh socruithe a dhéanamh le haghaidh achomharc ag dalta, ag a thuismitheoirí nó ag an phríomhoide nó ag Bord Gobharnóirí scoile eile in éadan cinntí gan faisnéis a eisiúint nó gan faisnéis a leasú.

Léiríonn na socruithe seo cad é a bhí éilithe roimhe, taobh amuigh de sholáthar an taifid fhoirmitheach ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachtáil a bhí ar fáil le hiarratas scríofa. Éilíonn na dréacht-Rialacháin ar scoil an taifead foirmitheach a thabhairt mar ghnáthnós.

An aontaíonn tú go mbeidh sé ina chuidiú ag scoil atá ag glacadh le dalta, taifead foirmitheach ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachtáil a fháil mar ghnáthnós, chomh maith leis an leibhéal atá bainte amach aige dá ndearnadh measúnú air i scil thraschuraclaim ag deireadh eochairchéime, taobh istigh de 15 lá scoile?

☐ Aontaím ☐ Ní aontaím ☐ Níl mé cinnte

Barúlacha:

Pointe Comhairliúcháin 7

Caithfidh muid tabhairt faoi cheisteanna a bhaineann le daoine óga ata ag fágáil na scoile gan na scileanna riachtanacha cuí litearthachta agus uimhearthachta acu chun iad a ullmhú don saol agus don obair. Caithfidh muid fosta dúshlán a chur san áireamh do na daoine óga is éirimiúla. Tá dréacht-leibhéil dul chun cinn déanta ag CCSM, a forbraíodh leis an churaclam athbhreithnithe a léiriú agus baineann siad le measúnú ar cad "is féidir le dalta a dhéanamh" sna hachair litearthachta agus uimhearthachta. Tá seo comhsheasmhach le prionsabail ár bhfócais ar thógáil ghnóthachtála i litearthacht agus in uimhearthacht.

Úsáidfidh múinteoirí na leibhéil dul chun cinn le dul chun cinn daltaí a mheas sna príomhachair Cumarsáide (litearthacht), Úsáid Mhatamaitice (uimhearthacht) agus Úsáid TFC ag deireadh eochairchéimeanna 1,2 agus 3 agus tabharfaidh an príomhoide tuairisc do thuismitheoirí agus don rialtas. Ag cur inbhainistitheachta san áireamh, shocraigh an Roinn go dtabharfar isteach an riachtanas chun scil in úsáid TFC a mheas, a bheidh reachtúil trasna gach eochairchéim den chéad uair, go dtabharfar isteach sa scoilbhliain i ndiaidh Cumarsáid agus Úsáid Mhatamaitice é.

Tá na dréacht-leibhéil dul chun cinn ceangailte ag Iarscríbhinn A. Déanfar cinntí deiridh in am trátha ar na leibhéil dhul chun cinn a rachaidh i bhfeidhm ach, is é an foshuíomh láithreach sealadach reatha gurb é an leibhéal tuartha ba chóir a bheith ag dalta:

- ag deireadh eochairchéim 1 – leibhéal 2
- ag deireadh eochairchéim 2 – leibhéal 4
- ag deireadh eochairchéim 3 – leibhéal 5 nó, fiú, 6.

An aontaíonn tú go bhuil na leibhéil dul chun cinn mar atá i ndréachtfhoirm, go bhfuil siad ina modh cuí chun leibhéal dul chun cinn daltaí i gCumarsáid, in Úsáid Mhatamitice agus in Úsáid TFC a mheas ?

☐	Aontaím	☐	Ní aontaím	☐	Níl mé cinnte

Barúlacha:

Pointe Comhairliúcháin 8

Ba é an bhunaidhm a bhí ann go dtabharfar isteach na leibhéil dul chun cinn ón scoilbhliain 2009/10. Tuigeann an Roinn, áfach, gur gá cinntiú a dhéanamh go bhfuil sé inbhainistithe do mhúinteoirí agus go gcaithfear am a thabhairt dóibh éirí cleachtaithe leis na leibhéil dul chun cinn, ag déanamh cinnte de go gcuirfear traenáil agus tacaíocht ar fáil.

Cé go socrófar an clár ama deiridh do thabhairt isteach na leibhéal nuair a bheidh machnamh déanta againn ar an aiseolas ar na dréacht-leibhéil a gheobhaidh muid mar chuid den chomhairliúchán seo, is féidir go mbeidh sé níos fearr fanacht sula dtabharfaí isteach go foirmeálta iad. Mura dtugtar isteach na leibhéil dul chun cinn go foirmeálta don scoilbhliain 2009/10, molann an Roinn an riachtanas atá ann cheana féin ar scoileanna daltaí a mheas ag deireadh eochairchéimeanna 1,2 agus 3 ag úsáid ráiteas ó na leibhéil ghnóthachtála roimhe seo a dhéanamh foirmeálta. Ciallaíonn seo go ndéanfaí Rialacháin ar leith ag ainmniú na ráiteas ar na leibhéil ghnóthachtála ina leibhéil eatramhacha go dtí go dtabharfar isteach na leibhéil dhul chun cinn go foirmeálta. Atabharfaí na Rialacháin seo isteach an riachtanas go dtuairisceofaí iad seo go foimeálta do thuismitheoirí agus don rialtas chomh maith, rud atá riachtanach faoi láthair.

An aontaíonn tú go mbeadh sé úsáideach do thuismitheoirí faisnéis ar leibhéil deireadh eochairchéime a fháil bunaithe ar ráitis ó na leibhéil ghnóthachtála agus ansin ar leibhéil dul chun cinn nuair a thabharfar isteach go foirmeálta iad?

☐ Aontaím ☐ Ní aontaím ☐ Níl mé cinnte

Barúlacha:

R I A L A C H A R E A C H T Ú L A T H U A I S C E A R T É I R E A N N

2009 Uimh.

OIDEACHAS

Na Rialacháin (Tuaisceart Éireann) Oideachais (Taifid agus Tuairisciú Dalta) 2009

Déanta - - - -	*2009*
Ag teacht i bhfeidhm -	*2009*

Déanann an Roinn Oideachais, ag feidhmiú na gcumhachtaí tugtha ag Ailt 24(1) go (3) agus (5) agus 43(5) den Ordú Oideachais (Tuaisceart Éireann) 2006 (a), agus i ndiaidh comhairliúcháin mar is gá dar le hAlt 24(4) an Ordaithe sin, na Rialacháin seo a leanas:

Lua agus Tosú

1—(1)Is féidir na Rialacháin seo a bheith luaite mar na Rialacháin (Tuaisceart Éireann) Oideachais (Taifid agus Tuairisciú Dalta) 2009 agus, faoi réir paragraf (2), tiocfaidh siad i bhfeidhm ar ……..2009.

(2) Tiocfaidh na Rialacháin seo i bhfeidhm ar 1 Lúnasa 2009 do dhaltaí sna bliainghrúpaí seo a leanas –

1ú Bliain agus 2ú Bliain d'eochairchéim 1;

3ú Bliain d'eochairchéim 2;

3ú Bliain d'eochairchéim 3;

1ú Bliain agus 2ú Bliain d'eochairchéim 4; agus

gach bliain sa séú bliain.

Léirmhíniú

2. Sna Rialacháin seo—

ciallaíonn "taifead foirmitheach dul chun cinn agus gnóthachtála" taifead foirmeálta de ghnóthachtálacha acadúla dalta, dá scileanna, dá thallanna agus dá ghnóthachtálacha eile agus dá dhul chun cinn oideachasúil;

Is "tuismitheoir", i dtaca le páiste nó le duine óg —

(a) duine nach tuismitheoir dá chuid é ach a bhfuil freagracht tuismitheora aige air; nó
(b) duine a bhfuil cúram aige air;

Ciallaíonn "duine freagrach" –
(a) an príomhoide nó an t-úinéir ar scoil neamhspleách; nó

(b) an príomhoide nó Bord Gobharnóirí ar scoil ar bith eile a n-aistríonn dalta chuici;

(**a**) S.I. 2006/1915 (N.I. 11)

ciallaíonn ‘lá scoile” lá ar a bhfuil scoil oscailte le haghaidh cúiseanna múinteoireacht a dhéanamh;

tá an príomhoide san áireamh san fhocal “múinteoir”;

ciallaíonn “an tOrdú 2006” an tOrdú Oideachais (Tuaisceart Éireann) 2006;

ciallaíonn “na horduithe Oideachais” na hOrduithe a ndéantar tagairt orthu in Alt 2 (2) agus (3) den Ordú 2006;

ciallaíonn “an séú bliain” an tréimhse meánoideachais lán-aimseartha a thagann go díreach i ndiaidh dheireadh eochairchéim 4; agus

ciallaíonn “taifead suimitheach gnóthachtúla” an fhaisnéis sonraithe i rialachán 9.

Cúlghairm agus coigilt

3—(1) Faoi réir paragraf (2), tá na Rialacháin (Tuaisceart Éireann) Oideachais (Taifid agus Tuairisciú Dalta) (Idirthréimhseach) 2007 (a) cúlghairthe.

(2) Beidh na Rialacháin (Tuaisceart Éireann) Oideachais (Taifid agus Tuairisciú Dalta) (Idirthréimhseach) 20071(2) go fóill i bhfeidhm go dtí 1 Lúnasa 2009 do dhaltaí sna bliainghrúpaí luaite i Rialachán 1(2).

Feidhm

4—(1) Faoi réir paragraf (2), baineann na Rialacháin seo le gach scoil dheontaschúnta.

(2) Ní bhainfidh Rialacháin 5 go 10 agus 11(1)(a) agus (d) agus Sceidil 1 agus 2 le naíscoileanna, ná le daltaí i mbunscoileanna nó i scoileanna speisialta nár bhain amach an íosteorainn d’aois éigeantach scoile.

Dualgais ghinearálta an phríomhoide – tuairisciú bliantúil

5—(1) Cuirfidh príomhoide gach scoile deontaschúnta an fhaisnéis atá sonraithe i rialachán 6a a bhaineann le gnóthachtálacha oideachasúla agus eile an dalta ar fáil do thuismitheoirí gach dalta atá cláraithe ag an scoil.

(2)Beidh an fhaisnéis ar a bhfuil tagairt déanta i bparagraf (1):—

(a) curtha ar fáil i ngach scoilbhliain agus sa bhealach atá sonraithe i rialachán 10;

(b) sínithe ag an phríomhoide; agus

(c) beidh ainm na scoile luaite inti.

6—(1) Faoi réir paragraif (2) go (5), cuirfear an fhaisnéis atá éilithe ag rialachán 5(1) ar fáil i dtaca le dalta:

(a) sa bhonnchéim mar atá sonraithe i gCuid 1 de Sceideal 1;

(b) in eochairchéimeanna 1 agus 2 mar atá sonraithe i gCuid 2 den Sceideal sin;

(c) in eochairchéim 3 mar atá sonraithe i gCuid 3 den Sceideal sin;

(d) in eochairchéim 4 mar atá sonraithe i gCuid 4 den Sceideal sin; agus

(e) sa séú bliain mar atá sonraithe i gCuid 5 den Sceideal sin.

(2) Cuirfidh an fhaisnéis a bhfuil tagairt déanta uirthi i bparagraf 1(b) agus (c) san áireamh an leibhéal dul chun cinn a mheastar atá bainte amach ag dalta i ngach ceann de na scileanna traschuraclaim ag a mhúinteoir, de réir na socruithe atá sonraithe san Ordú (Tuaisceart Éireann) Oideachais (Socruithe Measúnachta)(Bonnchéim go hEochairchéim 3) 2007(**b**).

(**a**) S.R. 2007 No.43

(**b**) S.R. 2007 No.45

(3) Nuair atá dalta soar ó chuid ar bith de na socruithe measúnaithe sa scoilbhliain sin, beidh ráiteas a chuireann sin in iúl san áireamh san fhaisnéis atá tugtha de bhun paragraif (1) agus (2).

(4) I nGaelscoileanna, is féidir an fhaisnéis a bhfuil tagairt déanta uirthi i bparagraf (1) a chur ar fáil i mBéarla nó i nGaeilge

(5) San fhaisnéis atá éilithe ag an rialachán seo, beidh aon cháilíocht, bhronnadh nó teastas a bhain an dalta amach san áireamh. Chomh maith leis sin, cuirfear san áireamh creidiúint ar bith a tugadh le haghaidh cáilíochta sa chás nach bhfuair an dalta an cháilíocht iomlán, agus gur ullmhaigh an scoil, aon scoil eile (scoil neamhspleách san áireamh), aon institiúid ardoideachais, nó aon duine eile nó eagraíocht atá ceadaithe ag an Roinn agus atá cáilithe agus in ann an t-oideachas sin a thabhairt, dar leis an Bhord Gobharnóirí, an dalta don scoilbhliain lena mbaineann an fhaisnéis, bíodh sin ag baint leis an léann s'aige nó eile.

Faisnéis bhreise i dtaca le daltaí sna blianta deiridh d'eochairchéimeanna 1, 2 agus 3

7. Mar aon leis na riachtanais atá leagtha amach i rialacháin 5 agus 6, cuirfidh príomhoide gach scoile deontaschúnta an fhaisnéis atá sonraithe i Sceideal 2 ar fáil do thuismitheoirí gach dalta atá cláraithe ag an scoil atá sa bhliain dheireanach d'eochairchéim 1, 2 nó 3.

8. I gcás gach dalta atá cláraithe ag an scoil atá sa bhliain dheireanach d'eochairchéim 1, 2 nó 3, beidh an dualgas ar an phríomhoide fógra a chur chuig NICCEA, san fhoirm agus faoin dáta a éilíonn NICCEA, de na torthaí measúnaithe i dtaca le scil ar bith traschuraclaim ina ndearnadh measúnú ar an dalta sa scoilbhliain sin maidir le leibhéil dul chun cinn atá sonraithe ag ordú déanta ag an Roinn faoi Alt 8(3) den Ordú 2006.

Taifead suimitheach gnóthachtála do dhaltaí sna blianta deiridh d'eochairchéim 2, eochairchéim 4 agus den séú bliain

9. —(1) Mar aon leis na riachtanais atá leagtha amach i rialacháin 5, 6 agus 7, cuirfidh príomhoide gach scoile deontaschúnta taifead suimitheach gnóthachtála ag deireadh eochairchéim 2, agus 4 agus an tséú bliain ar fáil.

(2) Cuirfear an taifead suimitheach gnóthachtála ar fáil do thuismitheoir dalta sa bhliain deireanach d'eochairchéim 2, nó don dalta nó dá thuismitheoir má tá an dalta sa bhliain deireanach d'eochairchéim 4 nó den séú bliain.

(3) Beidh an t-ábhar thíos san áireamh sa taifead suimitheach gnóthachtála: -

(a) i dtaca le dalta atá sa bhliain deireanach d'eochairchéim 2, an fhaisnéis atá sonraithe i bparagraf 1(a) de Sceideal 2;

(b) sonraí gairide ar a ghnóthachtálacha in aon achar foghlama nó gníomhaíochta atá mar chuid den churaclam;

(c) aon cháilíocht, bhronnadh nó teastas a bhain an dalta amach san áireamh. Chomh maith leis sin, cuirfear san áireamh creidiúint ar bith a tugadh le haghaidh cáilíochta sa chás nach bhfuair an dalta an cháilíocht iomlán, agus gur ullmhaigh an scoil, aon scoil eile (scoil neamhspleách san áireamh), aon institiúid ardoideachais, nó aon duine eile nó eagraíocht atá ceadaithe ag an Roinn agus atá cáilithe agus in ann an t-oideachas sin a thabhairt, dar leis an Bhord Gobharnóirí, an dalta don scoilbhliain lena mbaineann an fhaisnéis, bíodh sin ag baint leis an léann s'aige nó eile, agus beidh an t-ainm, an toradh is airde a baineadh amach agus an bhliain a bronnadh an cháilíocht, an bronnadh nó an teastas, sonraithe.

(d) sonraí gairide ar aon chumann scoile, chlub nó ghníomhaíochtaí a raibh baint ag an dalta leo le linn a thréimhse ag an scoil nó ag scoil ar bith eile (scoil neamhspleách san áireamh), bíodh sin ag baint leis an léann s'aige nó eile; agus

(e) sonraí ar aon fhreagracht a bhí ag an dalta ar an scoil nó ar scoil ar bith eile (scoil neamhspleách san áireamh) ar a bhfreastail sé, nó in aon chumainn, chlubanna nó ghníomhachtaí atá luaite i bhfo-pharagraf (d)

Tráth agus modh sholáthar faisnéise do thuismitheoirí

10—(1) Faoi réir paragraf (2) ní chuirfidh an príomhoide an fhaisnéis atá éilithe ag rialacháin 5 (1), 7 agus 9 (tríd an phost nó eile) chuig tuismitheoir an dalta níos moille ná 30 Meitheamh sa scoilbhliain lena mbaineann an fhaisnéis.

(2) Nuair a fhaigheann an príomhoide faisnéis i ndiaidh 30 Meitheamh in aon scoilbhliain faoi thorthaí scrúduithe poiblí déanta ag, nó measúnachtaí maidir le, dalta ar an scoil le linn na scoilbhliana, caithfidh sé an fhaisnéis a chur (tríd an phost nó eile) chomh luath agus is féidir chuig tuismitheoir an dalta.

Dualgais Bhord Gobharnóirí

11—(1) Beidh sé de dhualgas ar Bhord Gobharnóirí gach scoile na socruithe seo a leanas a dhéanamh—

(a) caithfear taifead foirmitheach dul chun cinn agus gnóthachtála a choinneáil maidir le gach dalta ar an scoil agus caithfidh an taifead sin a bheith nuashonraithe ar a laghad uair amháin sa bhliain;

(b) nuair a fhaightear iarratas scríofa ó dhalta nó óna thuismitheoir, go gcuirfear ar fáil taifead foirmitheach dul chun cinn agus gnóthachtála an dalta cuí saor in aisce nó ar íocaíocht táille (nach mbeidh níos mó ná costas soláthair) a bheidh faoi réir ag an Bord Gobharnóirí;

(c) nuair a fhaightear fógra scríofa ó dhalta nó óna thuismitheoir ag maíomh go mothaíonn sé go bhfuil cuid ar bith den taifead foirmitheach dul chun cinn agus gnóthachtála míchruinn, go gcaithfidh —

(i) an taifead a leasú trí cheartú nó bhaint na coda a mheastar a bheith míchruinn, má tá sealbhóir an taifid sásta go bhfuil an taifead míchruinn; nó

(ii) fógra a iarcheangal leis an taifead agus go n-amharcfar air mar chuid de ina dhiaidh sin, muna bhfuil sealbhóir an taifid sásta go bhfuil an taifead míchruinn;

(d) nuair atá dalta ag aistriú chuig scoil eile (scoil neamhspleách san áireamh) ag deireadh an dara eochairchéime, go gcaithfidh —

(i) an fhaisnéis atá leagtha amach i bparagraif 1(a) agus 2 de Sceideal 2 a aistriú chuig an duine atá freagrach, ní níos moille ná 30 Meitheamh den scoilbhliain sin; agus

(ii) taifead foirmitheach dul chun cinn agus gnóthachtála an dalta a aistriú chuig an duine atá freagrach, ní níos moille ná 30 Meitheamh den scoilbhliain sin.

(e) nuair a stadann dalta de bheith ina dhalta ag an scoil sin agus go bhfuil sé ina dhalta ag scoil eile (scoil neamhspleách san áireamh) ag aon am eile, go gcaithfidh taifead foirmitheach dul chun cinn agus gnóthachtála an dalta a aistriú chuig an duine freagrach taobh istigh de 15 lá scoile. Sa taifead seo beidh sonraí san áireamh ar leibhéal dul chun cinn a ndearnadh measúnú a bheith bainte amach ag an dalta i ngach ceann de na scileanna thraschuraclaim.

(f) go nochtfar nó go n-aistreofar aon taifid oideachasúla a bhaineann le dalta (taifead an mhúinteora san áireamh) a choinnítear ag an scoil chuig an duine freagrach

taobh istigh de 15 lá scoile i ndiaidh an lae a fuarthas iarratas ón duine sin do na taifid agus go soláthraífear cóip chomh maith do thuismitheoir an dalta; agus

(g) go gcoinnítear ráiteas ar na socruithe atá de bhun an rialacháin seo agus go gcuirfear ar fáil iad saor in aisce le haghaidh iniúchta ag gach am atá réasúnta ag tuismitheoir dalta nó ag duine freagrach.

(2) Bainfidh na dualgais faoi pharagraf (1) le haon taifid oideachasúla a choinnítear maidir le —

(a) daltaí ar naíscoil; agus

(b) daltaí ar bunscoil nó ar scoil speisialta nár bhain amach an íosteorainn d'aois éigeantach scoile,

d'ainneoin nach gcoinnítear taifead foirmitheach dul chun cinn agus gnóthachtála maidir lena leithéid de dhaltaí.

(3) I bparagraf (1)(c) ciallaíonn "míchruinn" míchruinn nó míthreorach i dtaca le haon fhíricí

(4) I bparagraf (1)(f) ciallaíonn "taifead múinteora" aon taifead a choinníonn múinteoir ag an scoil seachas taifead a choinnítear d'úsáid an mhúinteora sin amháin.

12—(1) Sna socruithe atá éilithe ag rialachán 11 beidh soláthar san áireamh a ligeann do thuismitheoir, do dhalta, nó do dhuine freagrach (mar a thig tarlú) achomharc a dhéanamh do Bhord Gobharnóirí na scoile in éadan aon chinnidh a diúltaigh

(a) nochtadh nó aistriú nó soláthar cóipeden chuid iomlán nó d'aon chuid ar bith den fhaisnéis sonraithe a bhaineann le dalta; nó

(b) leasú a leithéid d'fhaisnéis sna cásanna sin nuair faoi choinníollacha na socruithe is féidir le múinteoir ag an scoil na cinntí seo a ghlacadh. .

(2) Le comhlíonadh rialachán 11, ní dhéanfaidh Bord Gobharnóirí scoil ar bith aon shocruithe le haghaidh nochtadh, sholáthar cóipeanna, ná aistriú aon doiciméid atá faoi réir ordaithe faoi rannóg 30(2) den Acht um Chosaint Sonraí 1998(**a**).

Eisceachtaí do shocruithe chun faisnéis a nochtadh nó a sholáthar

13. Níl rud ar bith sna Rialacháin seo a éilíonn déanamh socruithe le haghaidh nochtadh nó soláthar cóipe d'aon teistiméireacht tugtha ag an mhúinteoir i dtaca le dalta i bhfreagairt ar iarratas ó:

(a) ábhar fostóirí an dalta;

(b) Seirbhís Iontrálacha Ollscoileanna agus Coláistí nó aon eagraíocht náisiúnta eile sa Ríocht Aontaithe nó i bPoblacht na hÉireann a bhaineann le hiontráil mac léinn;

(c) scoil eile (scoil neamhspleách san áireamh)

(d) institiúid bhreisoideachais;

(e) coláiste oideachais; nó

(f) aon institiúid eile oideachasúil nó traenála.

14. Níl rud ar bith sna Rialacháin seo a chumasóidh nó a thabharfaidh údarás do Bhord Gobharnóirí scoil ar bith socruithe a dhéanamh le haghaidh nochtadh, sholáthar cóipeanna de, nó aistriú —

(a) ráitis riachtanais speisialta oideachais a choinnítear faoi Alt 16 (1) den Ordú Oideachais (Tuaisceart Éireann) 1996(**b**);

(b) aon tuairisc ullmhaithe ar mhaithe le himeachtaí lena mbaineann Rialacha (Tuaisceart Éireann) Chúirt Dúiche (Ceartas Coiriúil) (Páistí) 2006(**c**) ; agus

(c) faisnéis ar ainm, ar sheoladh nó ar ghairm thuismitheoir dalta nó ar shainchreideamh lena bhfuil an dalta, seachas chuig an tuismitheoir sin.

(**a**) 1998 c.29

(**b**) S.I. 1996/274 (N.I.)

(**c**) S.R. 1999 No. 7

15.—(1) Níl rud ar bith sna Rialacháin seo a éilíonn go ndéanfar socruithe go gcuirfear faisnéis ar thorthaí measúnú dalta aonair (bíodh sin faoi Chuid den Ordú 2006 nó eile) ar fáil do dhuine ar bith nó d'eagraíocht ar bith ach amháin-—

(a) an dalta atá i gceist nó a thuismitheoirí; nó

(b) Bord Gobharnóirí scoil ar bith a ghlacann leis an dalta; nó

(c) NICCEA

Agus leis na rialacháin seo ní gá socruithe a chur in áit go gcuirfear an fhaisnéis seo ar fáil don eagraíocht atá luaite i bparagraf (b) ach amháin–

(i) i gcás faisnéise lena mbaineann paragraf (2), nuair a ordaíonn an Roinn;

(ii) i gcás ar bith eile, nuair is gá é le haghaidh feidhmeanna na heagraíochta sin a chur i ngníomh faoi na hOrduithe Oideachais.

(2) Baineann an paragraf seo le faisnéis i dtaca leis na torthaí de—

(a) aon mheasúnú dalta ag scoil speisialta; nó

(b) aon mheasúnú dalta in aon achar foghlama i scoilbhliain, más rud é go ndearnadh, in am ar bith le linn na scoilbhliana, aon soláthar faoi Alt 14,15,16 nó 17 den Ordú 2006 i dtaca leis an dalta sin ag eisiamh nó ag mionathrú chur in gníomh Ailt 5 go dtí 9 den Ordú 2006 i dtaca leis an achar foghlama sin.

Aistriú na ndoiciméad

16.—(1) Baineann an rialachán seo le doiciméad ar bith a bhfuil ráiteas nochta agus socruithe aistrithe a choinnítear de réir rialachán 11 (1) (g).

(2) Ma mhothaíonn Bord Gobharnóirí scoil ar bith gur gá a leithéid de dhoiciméad a aistriú go teanga seachas an Béarla, déanfaidh an Bord socrú é a aistriú agus bainfidh na Rialacháin seo leis an doiciméad aistrithe mar a bhaineann siad leis an bhundoiciméad.

Séalaithe le Séala Oifigiúil na Roinne Oideachais ar ……. 2009

L.S.

Katrina Godfrey
Oifigeach Sinsearach de chuid
an Roinn Oideachais

SCEIDEAL 1 Rialacháin 4(2) agus 6(1)

CUID 1

Faisnéis le soláthar go bliantúil do thuismitheoirí gach dalta sa bhonnchéim i dtaca lena ghnóthachtálacha oideachasúla agus eile

1. Torthaí mheasúnú bliantúil an dalta i dtaca le Cumarsáid (an méid atá bainte amach aige in achar foghlama Teanga & Litearthacht san áireamh) agus Úsáid Matamaitice (an méid atá bainte amach aige in achar foghlama Matamaitic & Uimhearthacht san áireamh);

2. Sonraí gairide ar an mhéid a bhain an dalta amach in achar ar bith eile foghlama nó ar ghníomhaíocht atá mar chuid dá churaclam, ar a n-áirítear:

Úsáid teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide

Scileanna Eile:
Smaointeoireacht, fadhbréiteach agus cinnteoireacht
Féinbhainistíocht
Ag obair le daoine eile
Bainistíocht Faisnéise
Cruthaitheacht

Na hEalaíona

An Domhan Thart Orainn

Forbairt Phearsanta Agus Comhthuiscint

Corpoideachas

Teagasc Reiligiúin (Roghnach)

Suimeanna agus Láidreachtaí

Fócas le hAghaidh Forbairt

Aon Ábhar Roghnach Eile.

3. An taifead foirmitheach ar dhul chun cinn agus ghnóthachtáil an dalta.

CUID 2

Faisnéis le soláthar go bliantúil do thuismitheoirí gach dalta in eochairchéimeanna 1 agus 2 i dtaca lena ghnóthachtálacha oideachasúla agus eile

1. Torthaí mheasúnú bliantúil an dalta i dtaca le Cumarsáid (an méid atá bainte amach aige in achar foghlama Teanga & Litearthacht san áireamh) agus Úsáid Matamaitice (an méid atá bainte amach aige in achar foghlama Matamaitic & Uimhearthacht san áireamh);

2. Sonraí gairide ar an mhéid a bhain an dalta amach in achar ar bith eile foghlama nó ar ghníomhaíocht atá mar chuid dá churaclam, ar a n-áirítear:

Úsáid teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide

Scileanna Eile:
Smaointeoireacht, fadhbréiteach agus cinnteoireacht
Féinbhainistíocht
Ag obair le daoine eile
Bainistíocht Faisnéise
Cruthaitheacht

Na hEalaíona

An Domhan Thart Orainn

Forbairt Phearsanta Agus Comhthuiscint

Corpoideachas

Teagasc Reiligiúin (Roghnach)

Suimeanna agus Láidreachtaí

Fócas le hAghaidh Forbairt

Aon Ábhar Roghnach Eile.

3. An taifead foirmitheach ar dhul chun cinn agus ghnóthachtáil an dalta.

CUID 3

Faisnéis le soláthar go bliantúil do thuismitheoirí gach dalta in eochairchéim 3 i dtaca lena ghnóthachtálacha oideachasúla agus eile

1. Torthaí mheasúnú bliantúil an dalta i dtaca le Cumarsáid (an méid atá bainte amach aige in achar foghlama Teanga & Litearthacht san áireamh) agus Úsáid Matamaitice (an méid atá bainte amach aige in achar foghlama Matamaitic & Uimhearthacht san áireamh);

2. Sonraí gairide ar an mhéid a bhain an dalta amach in achar ar bith eile foghlama nó ar ghníomhaíocht atá mar chuid dá churaclam, ar a n-áirítear:

Úsáid teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide

Scileanna Eile:
Smaointeoireacht, fadhbréiteach agus cinnteoireacht
Féinbhainisteoireacht
Ag obair le daoine eile
Bainistíocht Faisnéise
Cruthaitheacht

Teangacha Nua-aimseartha

Na hEalaíona

Timpeallacht agus Sochaí

Eolaíocht agus Teicneolaíocht

Ag foghlaim don saol agus d'obair

Corp –Oideachas

Teagasc Reiligiúin (Roghnach)

Suimeanna agus Láidreachtaí

Fócas le hAghaidh Forbartha

Aon Ábhar Eile Roghnach.

3. An taifead foirmitheach ar dhul chun cinn agus ghnóthachtáil an dalta.

.

CUID 4

Faisnéis le soláthar go bliantúil do thuismitheoirí gach dalta in eochairchéim 4 i dtaca lena ghnóthachtálacha oideachasúla agus eile

1. Torthaí mheasúnú bliantúil an dalta i dtaca le Cumarsáid (an méid atá bainte amach aige in achar foghlama Teanga & Litearthacht san áireamh) agus Úsáid Matamaitice (an méid atá bainte amach aige in achar foghlama Matamaitic & Uimhearthacht san áireamh);

2. Sonraí gairide ar an mhéid a bhain an dalta amach in achar ar bith eile foghlama nó ar ghníomhaíocht atá mar chuid dá churaclam, ar a n-áirítear:

Úsáid teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide

Scileanna Eile:

Fadhbréiteach

Féinbhainistíocht

Ag obair le daoine eile

Ag foghlaim don saol agus d'obair

Corpoideachas

Teagasc Reiligiúin (Roghnach)

Suimeanna agus Láidreachtaí

Fócas le hAghaidh Forbairt

Aon Ábhar Roghnach Eile.

3. An taifead foirmitheach ar dhul chun cinn agus ghnóthachtáil an dalta.

CUID 5

Faisnéis le soláthar go bliantúil do thuismitheoirí gach dalta i rang a sé i dtaca lena ghnóthachtálacha oideachasúla agus eile

1. Aon cháilíocht, bhronnadh nó teastas bainte amach ag an dalta, creidiúint a tugadh mar chuid de cháilíocht nuair nár bhain an dalta an cháilíocht iomlán amach san áireamh, dár ullmhaigh an scoil é, aon scoil eile (scoil neamhspleách san áireamh), aon institiúid ardoideachais, nó aon duine nó eagraíocht eile atá ceadaithe ag an Roinn agus atá cáilithe agus in ann an t-oideachas sin a thabhairt dar le Bord na nGobharnóirí, an dalta don scoilbhliain lena mbaineann an fhaisnéis, bíodh sin ag baint leis an léann s'aige nó eile, agus an t-ainm, an toradh is airde a baineadh amach agus an bhliain ar bronnadh an cháilíocht, an bronnadh nó an teastas sonraithe.

2. Sonraí gairide ar ghnóthachtálacha an dalta in achar ar bith eile foghlama nó ar ghníomhaíocht atá mar chuid da churaclam.

SCEIDEAL 2 Rialacháin 4(2), 7, 9(3)(a) agus 11(1)(d)

Faisnéis bhreise le soláthar do thuismitheoirí gach dalta sa bhliain dheireanach d'eochairchéim 1, 2 nó 3

1. - (1) I gcás dalta sa bhliain dheireanach d'eochairchéim 1, 2 agus 3

(a) an leibhéal dul chun cinn atá bainte amach aige in aon scil thraschuraclaim a ndearnadh measúnú air sa bhliain dheireanach den eochairchéim sin de réir na socruithe measúnaithe don eochairchéim sin;
(b) ráiteas ar an leibhéal dul chun cinn a bhfuiltear ag dúil leis do dhalta ag deireadh na heochairchéime sin i ngach scil traschuraclaim;
(c) ráiteas ar chéatadán na ndaltaí ina rang a bhfuil an leibhéal ionchais sa scil traschuraclaim sin á bhaint amach acu;

(d) ráiteas ar chéatadán na ndaltaí sa bhliain dheireanach den eochairchéim sin sa scoil:

(i) a bhaineann amach an leibhéal ionchais sa scil thraschuraclaim sin;

(ii) atá ag obair i dtreo an leibhéil ionchais do dhalta ag deireadh na heochairchéime sin, ach nár bhain amach an leibhéal sin sa scil thraschuraclaim sin go fóill; agus

(iii) atá saor ó mheasúnú sa scil thraschuraclaim sin.

2. Nuair atá dalta saor ó mheasúnú ar aon chuid de na socruithe measúnaithe sa scoilbhliain sin ba chóir go mbeadh ráiteas á mhíniú seo leis.

NÓTA MÍNITHE

(Níl an nóta so mar chuid de na Rialacháin)

Tagann na Rialacháin seo, déanta faoi Alt 24 den Ordú Oideachais (Tuaisceart Éireann) 2006, I bhfeidhm ar …..2009 do dhaltaí sa 1ú agus 2ú bliain den bhonnchéim, 1ú agus 2ú bliain d'eochairchéim 2, agus 1ú agus 2ú bliain d'eochairchéim 3; agus ar 1 Lúnasa 2009 do dhaltaí sa 1ú agus 2ú bliain d'eochairchéim 1, an 3ú Bliain d'eochairchéim 2, an 3ú Bliain d'eochairchéim 3, 1ú agus 2ú bliain d'eochairchéim 4, agus gach bliain sa séú rang. Cúlghaireann agus athchuireann na Rialacháin seo na Rialacháin (Tuaisceart Éireann) Oideachais (Taifid agus Tuairisciú Dalta) (Idirthréimhseach) 2007 ar an bhonn céanna de réir a chéile.

Athachtaíonn na Rialacháin dualgais atá ann cheana ar phríomhoide agus Bhord Gobharnóirí Scoileanna Deontaschúnta, leis na heisceachtaí sonraithe thíos, ag baint le taifeadadh, coinneáil agus aistriú faisnéis dalta, agus sonraíonn siad socruithe mionsonraithe. Tugann siad isteach, chomh maith, riachtanais úra, ag tacú le socruithe an churaclaim athbhreithnithe agus measúnachta, i dtaca le tuairisciú fhaisnéis mheasúnachta dalta do thuismitheoirí.

Faoi rialacháin 4 go 6, caithfidh príomhoide scoile faisnéis a bhaineann le torthaí mheasúnú bliantúil a bpáiste sna scileanna traschuraclaim de Chumarsáid agus Úsáid Mhatamaitic a chur ar fáil gach bliain; gnóthachtálacha an pháiste sna hachair fhoghlama den churaclam athbhreithnithe agus in Úsáid TFC agus scileanna eile; agus faisnéis ar an fhócas don fhorbairt acu agus a suimeanna agus láidreachtaí. Sonraíonn na Rialacháin an fhaisnéis a chaithfear a thabhairt i dtaca le daltaí sa Bhonnchéim agus eochaircheimeanna 1 agus 2; eochairchéim 3; eochairchéim 4; agus, an séú bliain. Ní bhaineann an riachtanas le faisnéis a thuairisciú do thuismitheoirí le naíscoileanna, nó maidir le daltaí i mbunscoileanna nó scoileanna speisialta nár bhain amach an teorainn íochtarach d'aois éigeantach scoile. Faoi rialachán 7 caithfidh an príomhoide faisnéis ar leith sa bhreis i dtaca le torthaí measúnachta a chur ar fáil nuair atá a bpáiste sa bhliain dheireanach d'eochairchéim 1,2 nó 3; faoi rialachán 8, na torthaí measúnachta i dtaca leis na páistí seo a chur ar fáil do NICCEA; agus faoi rialachán 9 an taifead suimitheach gnóthachtálacha dalta sa bhliain dheireanach d'eochairchéim 2, eochairchéim 4 agus an séú bliain a chur ar fáil do thuismitheoirí nó – i gcás daltaí eochairchéim 4 nó an séú bliain – don dalta nó da thuismitheoir. Faoi rialachán 10 caithfidh an príomhoide an fhaisnéis thuasluaite a chur ar fáil roimh 30 Meitheamh agus cinnte a dhéanamh de go soláthraítear torthaí scrúduithe agus measúnuithe poiblí ar bith do thuismitheoirí, fiú má fhaightear iad i ndiaidh 30 Meitheamh.

Faoi rialachán 11 caithfidh Bord Gobharnóirí scoile socruithe a dhéanamh le haghaidh coinneáil agus nuashonrú taifid ar ghnóthachtálacha acadúla dalta aonair, a scileanna, a thallanna agus a ghnóthachtálacha eile agus a dhul chun cinn oideachasúil ("taifead foirmitheach ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachtáil" – rialachán 11(1)(a)). Caithfidh Boird Ghobharnóirí socruithe a dhéanamh le haghaidh aistriú taifid dalta chuig scoil eile nuair a aistríonn an dalta ansin agus caithfidh seo a bheith déanta taobh istigh de 15 lá scoile. Caithfidh siad socruithe a dhéanamh lena cinntiú go nochtfar, ar iarratas, taifid oideachasúla eile ar leith, má choinnítear mar chuid de thaifead dalta iad, agus go dtugfar cóip do thuismitheoir an dalta nó do scoil ar bith a ghlacfaidh le dalta le haghaidh iontráil. Is féidir táille a ghearradh do sholáthar cóipeanna, nach bhfuil níos airde ná costas a leithéid de sholáthar (rialachán 11(1)(b)), agus caithfear déileáil le hiarratas le haghaidh nochtadh agus soláthar taobh istigh de 15 lá scoile ó fuarthas é. Caithfear go mbeidh deis sna socruithe nochta go dtiocfaidh le tuismitheoirí aon mhíchruinneas a chur in iúl do scoileanna agus go gceartófar iad nó, mura mbeidh sealbhóir na dtaifead sásta go bhfuil míchruinneas sa taifead, go gcuirfear an fógra i dtaifead an dalta.

Lasmuigh den riachtanas go gcoinnítear taifead foirmitheach ar dhul chun cinn agus ghnóthachtálacha an dalta, baineann na dualgais seo le haon taifead oideachasúil a choinnítear faoi dhaltaí naíscoileanna, nó faoi dhaltaí i mbunscoileanna nó scoileanna speisialta nár bhain amach an teorainn íochtarach d'aois éigeantach scoile. Caithfear cóip de na socruithe déanta faoi rialachán 11 a chur ar fáil le haghaidh iniúchadh saor in aisce ag aon duine atá i dteideal nochtadh agus soláthar cóip de thaifead dalta (rialachán 11 (1)(g)).

Soláthraíonn Rialachán 12 go gcaithfidh soláthar a bheith ann d'achomhairc chuig Bord na nGobharnóirí in éadan aon chinnidh le nochtadh nó aistriú faisnéise ar dhalta a dhiultiú.

Eisiaíonn Rialacháin 13 go dtí 15 catagóirí sonraithe faisnéise ón dualgas nochta.

Soláthraíonn Rialachán 16 gur féidir le Boird Ghobharnóirí an ráiteas ar shocruithe aistrithe agus nochta a choinnítear faoi rialachán 11(1)(g) a aistriú go teanga seachas Béarla.

Riachtanais le haghaidh Cumarsáide sna Gaelscoileanna trasna an churaclaim

Trasna an churaclaim, ag leibhéal ata fóirsteanach dá n-inniúlacht ba chóir go gcuirfí ar chumas daltaí sna Gaelscoileanna scileanna a fhorbairt i:

Éisteacht, Tuiscint agus Labhairt
Ba chóir go gcuirfí ar chumas daltaí:

- Bheith ag éisteacht le díospóireachtaí, mínithe, rólimirt agus láithreoireachtaí agus bheith rannpháirteach iontu;
- tráchtanna a dhéanamh, ceisteanna a chur agus barúlacha daoine eile a fhreagairt;
- eolas, smaointe, barúlacha, mothúcháin agus samhluithe a chur in iúl agus stór focal níos leithne in úsáid;
- bheith ag labhairt go soiléir agus a gcuid cainte a struchtúrú le go dtuigfidh daoine eile smaointe;
- dóigheanna labhartha a oiriúnú don lucht éisteachta agus don chás;
- dóigheanna neamhbhriathartha a úsáid le smaionte a chur in iúl agus le dul i dteagmháil leis an duine atá ag éisteacht.

Léitheoireacht
Ba chóir go gcuirfí ar chumas daltaí:

- raon de théacsanna a léamh le faisnéis*, smaointe agus sult a fháil ;
- raon de straitéisí a úsáid le bheith ag léamh ar dhóigh níos neamhspleáiche;
- faisnéis a aimsiú, a roghnú agus a úsáid ó raon foinsí;
- smaointe, imeachtaí agus gnéithe i dtéacsanna a thuiscint agus a thaiscéaladh*;
- fianaise ó théacsanna * a úsáid le barúlacha a mhíniú.
- Eolas ar theanga na Gaeilge a shaibhriú fríd réimse téacsanna*(Enrich and broaden their knowledge of Irish language through a range of texts*

**Nóta ar théacsanna: Tagraíonn téacsanna do smaointe a chuirtear in eagar le teachtaireacht a chur in iúl agus i láthair i bhfoirm scríofa, labhartha, amhairc agus shiombalach.*

Scríobh
Ba chóir go gcuirfí ar chumas daltaí:

- bheith ag labhairt ar obair, í a phleanáil agus a chur in eagar;
- faisnéis, míniú, mothúcháin, samhluithe agus smaointe a chur in iúl ar dhóigh shoiléir eagraithe;
- smaointe a fhorbairt, a chur in iúl agus i láthair i bhfoirmeacha agus i bhformáidí éagsúla, agus acmhainní traidisiúnta agus digiteacha in úsáid le haghaidh spriocghrúpaí agus cuspóirí difriúla;
- bheith ag scríobh le cruinneas agus hoilteacht atá ag fás.

Dul Chun Cinn sa CHUMARSÁID trasna an churaclaim sna Gaelscoileanna

Leibhéal 1

I gcásanna coitianta, agus iad ag éisteacht le agus ag freagairt do raon de spreagthaí,

tig le daltaí...

- bheith ag éisteacht le heolas a fháil;
- ról duine eile a ghlacadh agus iad ag súgradh;
- míniú gairid agus plé simplí a thuiscint;
- treoracha gearra simplí a leanúint
- ceisteanna a chur agus a fhreagairt;
- stór focal óna gcuid taithí féin a úsáid le cur síos ar smaointe agus mhothúcháin;
- labhairt go samhlaíoch agus iad páirteach i rólimirt;
- iarracht éigin a thabhairt le labhairt ar a gcuid eispéireas féin;
- labhairt os ard le go gcluinfear agus go dtuigfear iad;
- féachaint I súile a chéile agus seal a ghlacadh i gcómhrá.

Agus iad gafa le téacsanna trí léitheoireacht mhúnlaithe, léitheoireacht i gcomhpháirt agus léitheoireacht faoi threoir, tig le daltaí...

- a aithint go bhfuil brí le cló, pictiúir agus íomhánna;
- fuaimeanna agus siollaí áirithe a aithint;
- a thuiscint go léirítear fuaimeanna le litreacha;
- focail, comharthaí agus siombailí coitianta áirithe a aithint sa timpeallacht;
- leideanna amhairc a úsáid le heolas a aimsiú;
- teanga áirithe a bhaineann le leabhair a úsáid;
- ceisteanna a fhreagairt agus bheith ag labhairt ar a bhfuil léite acu.

páirt a ghlacadh i gceachtanna léitheoireachta múnlaitheach agus comhpháirteach agus teanga áirithe Ghaeilge a úsáid i gcomhthéacs

I gomhthéacs scríobh múnlaithe agus scríobh i gcomhpháirt á leanúint acu faoi threoir múinteora, tig le daltaí...

labhairt faoin ábhar a ba mhaith leo a

- smaointe, mothúcháin agus idéanna a chur in iúl trí úsáid a bhaint as siombailí, pictiúir, focail, agus abairtí simplí;
- tabhairt faoi scríobh focal, ag tarraingt ar bhunscileanna foghraíochta;
- tabhairt faoi eochairfhocail phearsanta a scríobh;
- litreacha cás íochtair agus litreacha cás uachtair a dhéanamh.

Leibhéal 2

I gcásanna coitianta, agus iad ag éisteacht le agus ag freagairt do raon de spreagthaí,

tig le daltaí...

- príomhphointí comhrá agus mínithe a shainaithint;
- páirt a ghlacadh i rólimirt ag idirghníomhú le daoine eile;
- éisteacht le treoracha simplí agus iad a leanúint céim ar chéim;
- pléanna a leanúint, rud éigin a rá agus gnásanna comhrá a chomhlíonadh;
- ceisteanna a chur le teacht ar fhaisnéis agus freagra a thabhairt ar cheisteanna daoine eile;
- stór focal simplí a úsáid le smaointe, samhluithe agus barúlacha a cur in iúl;
- imeachtaí a chur in ord;
- bheith ag labhairt go soiléir le go gcluinfear agus go dtuigfear iad;
- comharthaíocht choirp a úsáid le rannpháirtíocht a chur in iúl.

I raon de théacsanna gearra simplí, léitheoireacht os ard agus léitheoireacht chiúin araon,

tig le daltaí...

- imeachtaí agus faisnéis a thuiscint, a athinsint agus a chur in ord;
- straitéisí léitheoireachta a úsáid;
- faisnéis a roghnú le ceisteanna a fhreagairt;
- eolas aibítre agus leideanna amhairc a úsáid le faisnéis a aimsiú;
- cineálacha agus gnéithe áirithe a aithint;
- ceisteanna a fhiafraí, barúlacha a chur in iúl agus réamhaithrisí a dhéanamh.

forbairt teanga a léiriú tríd léitheoireacht múnlaitheach comhpháirteach

I raon d'fhoirmeacha, agus struchtúr simplí agus eagraíocht in úsáid,

tig le daltaí...

- bheith ag labhairt ar a mbeidh á scríobh acu agus ar an dóigh a gcuirfidh siad an scríbhneoireacht i láthair;
- athruithe a dhéanamh maidir le critéir chomhaontaithe;
- smaointe, mothúcháin agus idéanna a chur in iúl oná n-eispéiris féin, agus stór focal simplí in úsáid;
- poncaíocht bhunúsach a úsáid;
- gnáthfhocail choitianta a litriú agus a scríobh le go n-aithneofar iad;
- peannaireacht inléite a dhéanamh.

Leibhéal 3

I raon de chásanna agus le haghaidh spriocghrúpaí agus cuspóirí éagsúla ,

tig le daltaí...

- bheith ag éisteacht le faisnéis ar leith a fháil;
- ról a ghlacadh;
- ceisteanna a chur chun tuiscint iomlán a bhaint amach
- príomhphointí díospóireachtaí a leanúint agus rud eigin a rá a chuirfidh tuiscint in iúl;
- ceisteanna a chur faoi a gcluineann siad;
- a mbarúlacha/smaonte a mhíniú;
- stór focal cuí a úsáid;
- imeachtaí a chur in ord agus iarracht eigin a dhéanamh a gcaint a phleanáil;
- an guth agus an tuin chainte a athrú;
- é a thuiscint gur féidir go mbeidh éifeacht ag comharthaíocht choirp ar an duine atá ag éisteacht.

I raon de théacsanna a bhfuil níos mó ná alt amháin iontu le haghaidh cuspóiri éagsúla agus léitheoireacht os ard agus léitheoireacht chiúin araon ar bun,

tig le daltaí...

- príomhphointí agus faisnéis a thuiscint, a chur in ord agus a athinsint;
- straitéisí léitheoireachta a úsáid go neamhspleách;
- gnéithe eagraithe a úsáid le faisnéis a aimsiú agus a fháil;
- a thuiscint go bhfuil cineálacha agus gnéithe difriúla ann;
- faisnéis ón téacs a úsáid le tátail a dhéanamh;
- barúlacha a chur in iúl agus fáthanna a thabhairt
.

Tuiscint níos leithne ar theanga agus foclóireacht a léiriú tríd léitheoireacht múnlaitheach agus comhpháirteach

I raon d'fhoirmeacha, le haghaidh cuspóirí ar leith,

tig le daltaí...

- bheith ag labhairt ar a gcuid scríbhneoireachta agus í a phleanáil
- a gcuid scríbhneoireachta a fheabhsú;
- struchtúr agus ord a chur ar a gcuid scríbhneoireachta;
- smaointe, mothúcháin, idéanna agus barúlacha a chur in iúl;
- mionsonraí tacaithe a chur ar fáil;
- stór focal cuí a úsáid;
- foirm chuí a úsáid; use appropriate form;
- abairtí a thosú ar dhóigheanna difriúla;
- poncaíocht agus gramadach shimplí a úsáid go cruinn;
- focail choitianta topaice a litriú agus a scríobh i gceart;
- peannaireacht a dhéantar go cruinn agus atá comhsheasmhach maidir le méid a chur ar fáil.

Leibhéal 4

I raon de chomhthéacsanna agus cuspóirí éagsúla agus spriocghrúpaí difriúla á gcur san áireamh,

tig le daltaí...

- bheith ag éisteacht go géar;
- ról a fhorbairt;
- rud éigin tábhachtach a rá i ndíospóireacht;
- freagra cui a thabhairt ar bharúlacha daoine eile to;
- faisnéis, smaointe agus barúlacha a chur in iúl agus a mhíniú go soiléir;
- stór focal cuí a úsáid;
- cur chuige le haghaidh labhartha a phleanáil;
- teicníochtaí agus sainréim teanga a úsáid le haird an duine atá ag éisteacht a choinneáil;
- dóigheanna neamhbhriathartha a úsáid le haird an duine atá ag éisteacht a choinneáil;

I raon de théacsanna dar faid dhifriúla le haghaidh cuspóirí éagsúla,

tig le daltaí...

- príomhphointí nó smaointe a thuiscint, a shainaithint agus a achoimriú ;
- bheith ag léamh go neamhspleách;
- faisnéis ábhartha a aimsiú agus í a úsáid mar is cuí;
- príomhghnéithe a aithint agus an dóigh a bhfuil siad ceangailte de chineál agus chuspóir a thuiscint;
- bríonna intuigthe áirithe a thuiscint;
- barúlacha ar a bhfuil léite acu a mhíniú agus a chosaint.

Teanga agus foclóireacht níos saibhre a aithint agus a thuiscint

I raon d'fhoirmeacha agus d'fhormáidí, le haghaidh spriocghrúpaí agus cuspóirí difriúla,

tig le daltaí...

- an scríbhneoireacht a sheiceáil chun í a fheabhsú maidir le cruinneas agus míniú;
- scríbhneoireacht a struchtúrú, úsáid alt san áireamh;
- smaointe, mothúcháin, idéanna agus barúlacha a chur in iúl, ag tabhairt fáthanna san áit ar cuí sin;
- míniú a chur in iúl go soiléir, stór focal cuí agus leibhéal mionsonraí in úsáid;
- roghnú ó raon d'fhoirmeacha agus iad a úsáid de réir mar is cuí;
- raon de struchtúir abairte a úsáid;
- raon de phoncaíocht a úsáid go cruinn;
- gramadach agus litriú cruinn a úsáid go minic.

Riachtanais Reachtúla le haghaidh Cumarsáide trasna an churaclaim

Trasna an churaclaim, ag leibhéal ata fóirsteanach dá n-inniúlacht, ba chóir go gcuirfí ar chumas daltaí scileanna a fhorbairt i:

Éisteacht, Tuiscint agus Labhairt
Ba chóir go gcuirfí ar chumas daltaí:

- Bheith ag éisteacht le díospóireachtaí, mínithe, rólimirt agus láithreoireachtaí agus bheith rannpháirteach iontu;
- tráchtanna a dhéanamh, ceisteanna a chur agus barúlacha daoine eile a fhreagairt;
- faisnéis, smaointe, barúlacha, mothúcháin agus samhluithe a chur in iúl agus stór focal atá ag leathnú in úsáid;
- bheith ag labhairt go soiléir agus a gcuid cainte a struchtúrú le go dtuigfidh daoine eile smaointe;
- dóigheanna labhartha a oiriúnú don lucht éisteachta agus don chás;
- dóigheanna neamhbhriathartha a úsáid le smaointe a chur in iúl agus le dul i dteagmháil leis an duine atá ag éisteacht.

Léitheoireacht
Ba chóir go gcuirfí ar chumas daltaí:

- raon de théacsanna a léamh le faisnéis*, smaointe agus sult a fháil ;
- raon de straitéisí a úsáid le bheith ag léamh ar dhóigh níos neamhspleáiche;
- faisnéis a aimsiú, a roghnú agus a úsáid ó raon foinsí;
- smaointe, imeachtaí agus gnéithe i dtéacsanna a thuiscint agus a thaiscéaladh*;
- fianaise ó théacsanna * a úsáid le barúlacha a mhíniú.

**Nóta ar théacsanna: Tagraíonn téacsanna do smaointe a chuirtear in eagar le teachtaireacht a chur in iúl agus i láthair i bhfoirm scríofa, labhartha, amhairc agus shiombalach.*

Dul Chun Cinn sa CHUMARSÁID trasna an churaclaim

Leibhéal 5

I raon de chomhthéacsanna foirmeálta agus neamhfhoirmeálta agus le haghaidh cuspóirí éagsúla agus spriocghrúpaí difriúla,

tig le daltaí...

- bheith ag éisteacht le faisnéis agus smaointe ábhartha agus iad a shainaithint;
- rud éigin ábhartha le bheith a rá acu i róil dhifriúla;
- ceisteanna a chur le smaointe a thaiscéaladh agus a fhorbairt; le smaointe agus barúlacha a chosaint agus lena ndúshlán a thabhairt;
- faisnéis mhionsonraithe a chur in iúl go soiléir agus stór focal beacht in úsáid;
- a gcuid cainte a struchtúrú;
- teicníochtai agus sainréim teanga a úsáid le héifeachtaí a bhaint amach;
- dóigheanna neamhbhriathartha a úsáid le héifeachtaí a bhaint amach.

I raon de théacsanna dar fad difriúil le haghaidh cuspóirí éagsúla, ar a n-áirítear téacsanna nach mbaineann go sonrach lena raon aoise féin,

tig le daltaí...

- mionsonraí, próisis príomhphointí nó idéanna a thuiscint, a shainaithint agus iad a achoimriú;
- faisnéis a roghnú agus a bhainistiú ó raon d'fhoinsí;
- cuspóirí scríbhneoirí agus roinnt mínithe agus dearcaí intuigthe a aithint agus a shainaithint;
- idirdhealú a dhéanamh idir fíric agus barúil;
- cur síos ar theanga, struchtúr agus láithreoireacht ;
- tagairt a dhéanamh do théacs le barúlacha a chosaint agus le tátail a dhéanamh.

Saibhreas teanga agus foclóireacht chuí a úsáid

Leibhéal 6

I raon de chomhthéacsanna foirmeálta agus neamhfhoirmeálta agus le haghaidh cuspóirí éagsúla agus spriocghrúpaí difriúla,

tig le daltaí...

- bheith ag éisteacht le faisnéis choimpléascach agus bríonna intuigthe a shainaithint;
- díospóireacht a chur chun cinn I róil dhifriúla;
- a dtuiscint ar smaointe daoine eile a chur i bhfocail, agus mothálacht á léiriú acu;
- smaointe agus barúlacha coimpléascacha a chur in iúl agus a chosaint;
- faisnéis agus smaointe a mhíniú go soiléir loighciúil, agus dóigheanna cuí in úsáid chun tacú le príomhphointí;
- struchtúr agus ábhar na cainte a phleanáil agus a eagrú le bheith beacht, loighciúil agus soiléir;
- teicníochtai agus sainréim teanga a úsáid le haird an duine atá ag éisteacht a choinneáil;
- dóigheanna neamhbhriathartha a úsáid le spéis an duine atá ag éisteacht a choinneáil.

I raon de théacsanna coimpléascacha, ar a n-áirítear iad siúd nach mbaineann go sonrach lena raon aoise féin,

tig le daltaí…

- an dóigh a n-eagraítear agus a bhforbraítear príomhphointí, mionsonraí , próisis nó idéanna a shainaithint;
- bheith ag léamh go criticiúil le comparáid a dhéanamh idir faisnéis ó raon d'fhoinsí;
- faisnéis a mheas agus a oiriúnú;
- dearcaí, línte réasúnaíochta agus laofacht a aimsiú;
- éifeachtaí, struchtúr agus láithreoireacht teanga a mhíniú ;
- go leor fianaise cuí a úsáid chun tacú lena n-idéanna agus a mbarúlacha.

Saibhreas teanga agus scileanna aistriúcháin a úsáid trasna an Churaclaim

Leibhéal 7

I raon leathan de chomhthéacsanna foirmeálta agus neamhfhoirmeálta, ar a n-áirítear spriocghrúpaí neamhchoitianta, agus le haghaidh cuspóirí éagsúla,

tig le daltaí...

- plé a dhéanamh ar an dóigh a gcuirtear faisnéis agus smaointe coimpléascacha in iúl;
- rud éigin sainiúil le bheith le rá acu i róil dhifriúla;
- páirt áititheach a ghlacadh i gcinnteoireacht, comhaontú agus dúshlán in úsáid;
- fianaise chuí ó réimse foinsí a úsáid chun tacú lena mbarúlacha agus a n-argóintí ;
- faisnéis choimpléascach a chur in iúl trína míniú do dhaoine eile ar dhóigh úrnua;
- teicníochtai agus sainréim teanga a úsáid le faisnéis choimpléascach agus smaointe a chur i láthair go héifeachtúil;
- dóigheanna neamhbhriathartha a úsáid le spéis an duine atá ag éisteacht a choinneáil.

Trasna raon d'fhoinsí coimpléascacha ar a n-áirítear iad siúd nach mbaineann go sonrach lena raon aoise féin,

tig le daltaí...

- idirdhealú a dhéanamh idir ábharthacht, iontaofacht agus cruinneas faisnéise;
- faisnéis a shintéisiú ó raon d'fhoinsí;
- éifeachtaí, struchtúr agus láithreoireacht teanga a mhíniú go beacht
- barúlacha a fhorbairt agus a leathnú, de réir fianaise atá eolach agus a roghnaíodh go maith.

Saibhreas teanga agus scileanna aistriúcháin a úsáid trasna an Churaclaim

Scríobh
Ba chóir go gcuirfí ar chumas daltaí:

- bheith ag labhairt ar obair, í a phleanáil agus a chur in eagar;
- faisnéis, míniú, mothúcháin, samhluithe agus smaointe a chur in iúl ar dhóigh shoiléir eagraithe;
- smaointe a fhorbairt, a chur in iúl agus i láthair i bhfoirmeacha agus i bhformáidí éagsúla, agus acmhainní traidisiúnta agus digiteacha in úsáid le haghaidh spriocghrúpaí agus cuspóirí difriúla;
- bheith ag scríobh le cruinneas agus hoilteacht atá ag fás.

I raon d'fhoirmeacha agus d'fhormáidí, le haghaidh spriocghrúpaí agus cuspóirí difriúla, ar a n-áirítear an rud foirmiúil,

tig le daltaí...

- athdhréachtú le míniú a fheabhsú;
- scríbhneoireacht a struchtúrú go loighciúil soiléir;
- stór focal cruinn a úsáid le smaointe, idéanna, faisnéis a chur in iúl agus le barúlacha a chosaint;
- scríbhneoireacht a mheaitseáil le cuspóir agus spriocghrúpa;
- faisnéis a chur i láthair go héifeachtach, stíl fhoirmiúil á húsáid san áit ar cuí sin;
- struchtúir abairte a chruthú a bheidh ina gcuidiú míniú a chur in iúl;
- réimse poncaíochta a úsáid go comhsheasmhach cruinn;
- bheith cruinn sa ghramadach agus sa litriú

I raon d'fhoirmeacha agus d'fhormáidí, le haghaidh cuspóirí agus spriocghrúpaí difriúla, ar a n-áirítear cásanna foirmiúla agus cásanna neamhchoitianta,

tig le daltaí...

- scríbhneoireacht a athdhréachtú ar mhaithe le héifeacht;
- idéanna, faisnéis agus barúlacha a chur in iúl ar dhóigh leanúnach fhorbartha;
- scríbhneoireacht a eagrú agus a chur i láthair ar mhaithe le héifeacht bheartaithe;
- úsáid chuí a bhaint as stíl agus ton;
- úsáid choimpléascach a bhaint as teanga agus abairtí;
- poncaíocht a úsáid ar mhaithe le héifeacht.

I raon d'fhoirmeacha agus d'fhormáidí, le haghaidh cuspóirí difriúla agus i gcomhthéacsanna difriula, ar a n-áirítear spriocghrúpaí fíora agus i gcásanna foirmiúla agus i gcásanna neamhchoitianta,

tig le daltaí...

- roghanna idirdhealaitheacha a dhéanamh maidir le teanga ar mhaithe le héifeacht a chruthú;
- idéanna agus barúlacha coimpléascacha a chur in iúl ar dhóigh leanúnach fhorbartha;
- faisnéis agus fianaise a úsáid chun tacú lena gcuid idéanna, anailíse agus tátal;
- stíl, ton agus láithreoireacht a mheaitseáil ar mhaithe le héifeacht a chruthú;
- úsáid choimpléascach a bhaint as teanga agus abairtí;
- poncaíocht a úsáid ar mhaithe le héifeacht.

Riachtanais le hAghaidh Úsáid na Matamaitice	Dul Chun Cinn in ÚSÁID NA MATAMAITICE trasna an churaclaim		
	Leibhéal 1	**Leibhéal 2**	**Leibhéal 3**
	Le fíor-rudaí á n-úsáid agus i ngníomhaíochtaí simplí,	**I ngníomhaíochtaí simplí praiticiúla, i ngnáth-chomhthéacsanna inrochtana, ag úsáid TFC san áit ar cuí sin,**	**I ngníomhaíochtaí struchtúracha praiticiúla i ngnáth-chomhthéacsanna inrochtana, ag úsáid TFC san áit ar cuí sin,**
Trasna an churaclaim, ag leibhéal ata fóirsteanach dá n-ábaltacht, ba chóir go gcuirfí ar chumas daltaí: • na hábhair chuí, an trealamh agus an mhatamaitic chuí a roghnú le húsáid i gcás áirithe; • eolas agus coincheapa na matamaitice a úsáid go beacht; • bheith ag obair go córasach agus a gcuid oibre a sheiceáil; • matamaitic a úsáid le fadhbanna a réiteach agus le cinní a dhéanamh; • modhanna agus straitéisí a fhorbairt, ar a n-áirítear an mhatamaitic ó mheabhair; • smaointe a fhiosrú, tuair a dhéanamh agus a thástáil agus bheith ag smaoineamh go cruthaitheach; • eolas a aimsiú agus a bhailiú; • eolas a léamh, a léirmhíniú, a eagrú agus a chur i láthair i bhformáidí matamaitice; • tuiscint agus teanga na matamaitice a úsáid le ceisteanna a fhiafraí agus a fhreagairt, le labhairt ar smaointe agus iad a phlé agus le modhanna oibre a mhíniú; • cumas airgeadais a fhorbairt; • TFC a úsáid le fadhbanna a réiteach agus/nó a gcuid oibre a chur i láthair.	**tig le daltaí:** • na hábhair agus an trealamh atá de dhíth dá gcuid oibre a úsáid; • tosú ar eagraíocht a léiriú in obair phraiticiúil • labhairt ar dhóigheanna le gnáthfhadhbanna an lae a réiteach; • straitéisí simplí cuntais a úsáid; • patrúin shimplí a lorg agus labhairt orthu agus tuair shimplí a dhéanamh; • eolas sonraithe áirithe a bhailiú agus labhairt air; • a gcuid oibre a léiriú le pictiúir agus rudaí in úsáid; • roinnt teanga simplí matamaitice a úsáid;	**tig le daltaí:** • moltaí a dhéanamh faoin dóigh le dul i ngleic le gníomhaíocht/fadhb; • na hábhair, an trealamh agus na hoibríochtaí matamaitice a bheidh de dhíth a roghnú agus a úsáid; • tosú ar a gcuid oibre a sheiceáil • straitéisí simplí cuntais agus ó mheabhair a úsáid le háirimh a dhéanamh agus le fadhbanna a réiteach; • patrúin agus gaoil shimplí a aithint agus tuair shimplí a dhéanamh; • roinnt eolais a bhailiú agus a léirmhíniú; • dóigheanna le heolas a chur i láthair, a aimsiú agus a gcuid torthaí a thaifeadadh; • teanga shimplí matamaitice a úsáid le labhairt ar a gcuid oibre; • teanga shimplí matamaitice a úsáid le labhairt ar a gcuid oibre;	**tig le daltaí:** • dóigheanna difriúla le tabhairt faoi ghníomhaíocht a mholadh; • na hábhair, an trealamh agus an mhatamaitic atá de dhíth le haghaidh gníomhaíochta a roghnú agus a úsáid go cuí; • tosú ar a gcuid oibre a eagrú agus a gcruinneas a sheiceáil; • an mhatamaitic a úsáid le gnáthfhadhbanna simplí an lae a réiteach; • straitéisí éifeachtúla áirimh ó mheabhair a fhorbairt agus a úsáid; • patrúin agus gaoil a aimsiú agus a mhíniú agus tuair a dhéanamh; • eolas a aimsiú, a bhailiú agus a léirmhíniú; • a gcuid torthaí a thaifeadadh agus a chur i láthair ag úsáid formáidí simplí matamaitice; • teanga chuí matamaitice a úsáid lena gcuid oibre a phlé agus le cur síos uirthi;
Cuimsiú/Raon ***Uimhreas agus Ailgéabar***	**Tig le daltaí:** • uimhreacha a fhad le 10 ar a laghad a úsáid, meastachán a dhéanamh orthu, iad a shuimiú agus a dhealú; • tuiscint ar neamhathraitheacht uimhris; • réada, uimhreacha nó pictiúir a úsáid le patrúin athfhillteacha a chruthú agus le cur síos orthu; • boinn a aithint agus a úsáid.	• slánuimhreacha a fhad le 100 ar a laghad a léamh, a scríobh agus a chur in ord; • a thuiscint gurb é ionad na digite a léiríonn a luach; • leatha agus ceathrúna a thuiscint agus a úsáid; • patrúin suimithe agus dealaithe a fhad le 10 a úsáid leis an ghaol idir suimiú agus dealú a thuiscint; • siombail a úsáid le huimhir anaithnid a chur in iúl; • suimiú agus dealú a dhéanamh a fhad le 20 ar a laghad; • fíorais uimhreacha a fhad le 10 a mheabhrú; • straitéisí simplí a úsáid ó mheabhair agus ag obair le huimhreacha taobh istigh de 20; • gaoil idir na boinn uile a fhad le £1 a thuiscint agus an t-eolas seo a úsáid le gníomhaíochtaí siopadóireachta a dhéanamh.	• slánuimhreacha a fhad le 1000 ar a laghad a thuiscint, a úsáid, a shuimiú, a dhealú agus a iolrú; • coincheap an ionadluacha i slánuimhreacha a thuiscint agus a úsáid; • meastachán a fháil go dtí an 10 nó an 100 is cóngaraí; • codáin shimplí a thuiscint agus a úsáid i gcomhthéacs; • patrúin shimplí uimhreacha taobh istigh den chearnóg 100 a aimsiú agus tosú ar chur síos orthu; • fadhbanna a bhaineann le roinnt i suímh phraiticiúla a réiteach; • fíorais uimhreacha a fhad le 20 a mheabhrú; • bheith eolach ar fhíorais iolraithe 2, 3, 4, 5 agus 10 agus an t-eolas seo a úsáid le fadhbanna a réiteach; • scileanna uimhris a úsáid le fadhbanna a réiteach i gcomhthéacs airgid a fhad le £10. •

Cruth, Spás agus Tomhais		• an gnáth-theanga a bhaineann le fad, ‘meáchan’, toilleadh agus achar a úsáid le comparáidí simplí a dhéanamh agus le cur síos orthu; • imeachtaí a chur i seicheamh, amanna ‘speisialta’ ar an chlog a aithint agus laethanta na seachtaine a bheith ar eolas. • cruthanna 2-T and 3-T a shórtáil agus tógálacha 2-T and 3-T a dhéanamh agus cur síos orthu; • teanga a úsáid agus treoracha a leanúint, i gcásanna praiticiúla, maidir le suíomh agus gluaiseacht.	• aonaid neamhchaighdeánacha a aimsiú agus a úsáid le fad, ‘meáchan’, toilleadh agus achar a thomhas; • an gá le haonaid chaighdeánacha a thuiscint agus bheith eolach ar na haonaid is coitianta a bhíonn in úsáid i bhfad, ‘meáchan’, toilleadh agus am; • laethanta na seachtaine, míonna na bliana, na séasúir a ainmniú agus a chur in ord agus taispeántais shimplí ar an chlog analógach a léamh. • gnáthchruthanna 2-T a aithint agus a ainmniú agus cruthanna 2-T agus 3-T a shórtáil, ag tabhairt fáthanna leis an tsórtáil; • gluaiseachtaí casaidh a aithint.	• Meastachán a dhéanamh ar fhad, thoilleadh, thoirt, ’mheáchan’, am agus theocht agus iad a thomhas agus a thaifeadadh; • achar cruthanna a fháil trí chearnóga a chuntas; • uirlisí simplí tomhais a léamh le céim chuí cruinnis; • féilire a léamh agus a léirmhíniú; • taispeántais dhigiteacha agus analógacha a léamh . • cruthanna simplí 2-T agus 3-DT a aithint, a ainmniú agus cur síos orthu; • línte siméadrachta agus teisiliú simplí i gcruthanna 2-T a aithint; • dronuillinneacha a aithint sa timpeallacht agus coincheap uillinne a thuiscint i gcomhthéacs casaidh
Sonraí á Láimhseáil		• fíor-rudaí a shórtáil do chritéar amháin agus réada, líníochtaí nó TFC a úsáid chun iad a thaifeadadh.	• réada a shórtáil agus a rangú do dhá chritéar; • eolas a bhailiú agus táblaí simplí, blocghraif agus léaráidí a úsáid chun na torthaí a thaifeadadh; • plé a dhéanamh ar fhaisnéis agus í a léirmhíniú.	• sonraí a bhaineann le tasc áirithe a bhailiú agus a thaifeadadh; • barrachairteacha agus picteagraim shimplí a thógáil agus a lipéadú; • eolas a fháil agus a léirmhíniú ó tháblaí, phicteagraim, liostaí, bharrachairteacha, phíchairteacha simplí agus ó bhunachair sonraí.

Riachtanais le hAghaidh Úsáid Matamaitice	Dul Chun Cinn in ÚSÁID NA MATAMAITICE trasna an churaclaim	
Trasna an churaclaim, ag leibhéal ata fóirsteanach dá n-ábaltacht, ba chóir go gcuirfí ar chumas daltaí:	**Leibhéal 4**	**Leibhéal 5**
	I ngníomhaíochtaí praiticiúla le struchtúr áirithe, i gcomhthéacsanna agus cásanna coitianta agus neamhchoitianta, ag úsáid TFC san áit ar cuí sin,	**I ngníomhaíochtaí iata nó neamhiata le struchtúr áirithe, i gcomhthéacsanna agus cásanna coitianta agus neamhchoitianta, ag úsáid TFC san áit ar cuí sin,**
	tig le daltaí:	**tig le daltaí:**
na hábhair chuí, an trealamh agus an mhatamaitic chuí a roghnú le húsáid i gcás áirithe; 1. eolas agus coincheapa na matamaitice a úsáid go beacht; 2. bheith ag obair go córasach agus a gcuid oibre a sheiceáil; 3. matamaitic a úsáid le fadhbanna a réiteach agus le cinní a dhéanamh; 4. modhanna agus straitéisí a fhorbairt, ar a n-áirítear an mhatamaitic ó mheabhair 5. smaointe a fhiosrú, tuair a dhéanamh agus a thástáil agus bheith ag smaoineamh go cruthaitheach; 6. eolas a aimsiú agus a bhailiú; 7. eolas a léamh, a léirmhíniú, a eagrú agus a chur i láthair i bhformáidí matamaitice; 8. tuiscint agus teanga na matamaitice a úsáid le ceisteanna a fhiafraí agus a fhreagairt, le labhairt ar smaointe agus iad a phlé agus le modhanna oibre a mhíniú; 9. cumas airgeadais a fhorbairt; 10. TFC a úsáid le fadhbanna a réiteach agus/nó a gcuid oibre a chur i láthair.	• na hábhair , an trealamh agus an mhatamaitic atá de dhíth a aimsiú; a gcuid oibre féin a phleanáil agus a eagrú go córasach; a gcuid oibre a athbhreithniú agus an cruinneas a sheiceáil; • réimse de straitéisí réiteach fadhbanna a úsáid; • patrúin agus gaoil a fhiosrú, na torthaí a úsáid le tuair a dhéanamh; • eolas a aimsiú, a eagrú agus a léirmhíniú; • eolas a thaifeadadh agus a chur i láthair go soiléir ag trácht ar a gcuid torthaí; • teanga chuí matamaitice a úsáid lena gcuid oibre a phlé agus lena smaointeoireacht a mhíniú;	• na hábhair, an trealamh, an mhatamaitic atá le húsáid a aimsiú; • a gcuid oibre a phleanáil agus a dhéanamh go córasach agus go héifeachtúil; • a gcuid oibre a athbhreithniú go neamhspleách,a fháil amach an bhfuil torthaí réasúnacha acu agus athruithe a dhéanamh san áit ar cuí sin; • raon de straitéisí réiteach fadhbanna a úsáid, cur chuige nua a mholadh agus a thriail; • tuair shimplí a dhéanamh agus a thástáil, a gcuid torthaí a achoimriú agus ráitis ghinearálta a dhéanamh; • eolas a aimsiú, a fháil, a phróiseáil agus a léirmhíniú; • eolas a thaifeadadh agus a chur i láthair go cruinn cuí; • teanga chuí matamaitice a úsáid le smaointe a chur in iúl go beacht;
Cuimsiú/Raon	**Tig le Daltaí:**	
Uimhreas agus Ailgéabar	• eolas ar ionadluach a úsáid le slánuimhreacha a iolrú faoi agus a roinnt ar 10 agus 100; • codáin a úsáid le cur síos ar chainníochtaí agus chomhréireanna, agus áirimh shimplí a dhéanamh le codáin; • coibhéiseacht codán a thuiscint; • céatadáin shimplí a thuiscint agus a úsáid i gcomhthéacsanna praiticiúla; • rialacha simplí a chuirtear in iúl i bhfocail a léirmhíniú agus a fheidhmiú; • bheith eolach ar fhíorais iolraithe a fhad le 10x10 agus an t-eolas seo a úsáid le fadhbanna a réiteach; • slánuimhreacha a shuimiú, a dhealú, a iolrú agus a roinnt ag úsáid raon de mhodhanna meabhrach, scríofa agus áireamháin; • uimhreacha a bhfuil dhá ionad de dheachúlacha ar a laghad iontu a shuimiú agus a dhealú; • an gaol idir suimiú agus dealú a úsáid le háirimh shimplí a sheiceáil; • roghanna a dhéanamh maidir le caitheamh airgid agus a luach a fháil; • tuiscint ar dhóigheanna ar féidir íoc as earraí a léiriú. •	• eolas ar ionadluach a úsáid le huimhreacha a bhfuil suas le dhá ionad de dheachúlacha iontu a iolrú faoi agus a roinnt ar 10 agus 100; • meastachán a dhéanamh ar fhreagraí áireamh agus garfhreagra a fháil trí shlánú; • an gaol idir codáin, deachúlacha agus céatadáin choitianta a thuiscint; • codáin shimplí agus céatadáin de chainníochtaí a ríomh; • tuiscint ar choibhéiseacht a úsáid le codáin a shuimiú agus a dhealú; • uimhreacha diúltacha a thuiscint agus a úsáid i gcomhthéacsanna praiticiúla • foirmlí agus rialacha simplí a chur in iúl agus a úsáid le seichimh a dhéanamh i bhfocail agus/nó foirm shiombalach; • uimhreacha a bhfuil suas le dhá ionad de dheachúlacha iontu a iolrú faoi nó a roinnt ar shlánuimhir; • áirimh a sheiceáil trí oibríochtaí inbhéartacha a chur i bhfeidhm; • roghanna eolacha a dhéanamh ar bhuiséadú agus chaiteachas pearsanta agus coincheap an úis a thuiscint agus airgead á chur i dtaisce nó á fháil ar iasacht.
Cruth, Spás agus Tomhais	• meastachán a dhéanamh ar fhad, 'mheáchan'/mhais, am agus theocht agus é a thomhas, agus an obair a dhéanamh le céim chuí chruinnis; • an gaol idir aonaid mhéadracha a thuiscint agus na haonaid chuí mhéadracha a roghnú agus a úsáid i dtascanna; • tomhais choitianta a shuimiú agus a dhealú; • meastachán a dhéanamh ar an achar agus an toirt de chruthanna simplí trí chearnóga/chiúbanna, a chuntas ag úsáid aonaid chaighdeánacha; • an imlíne ar chruthanna simplí a fháil; • am analógach agus am digiteach a thuiscint agus a úsáid, agus nodaireacht am, pm agus 24-uair an chloig a úsáid. • cur síos ar chruthanna rialta agus mírialta 2-T i dtéarmaí sleasa, uillinneacha, siméadrachta agus teisiliú; • an gaol idir cruthanna 2-T agus 3-T a thaiscéaladh; • teanga línte, uillinneacha agus suímh a thuiscint agus a úsáid; • comhordanáidí sa chéad cheathrú a úsáid.	• aonad méadrach amháin a athrú ina aonad eile; • tomhais choitianta a shuimiú, a dhealú, a iolrú agus a roinnt; • achar cearnóg, dronuilleog agus triantán dronuilleach agus toirt ciúbanna agus ciúbóideach a ríomh; • scála a thuiscint agus a úsáid i gcomhthéacs léarscáileanna agus líníochtaí simplí; • amchláir a léamh agus a léirmhíniú agus fadhbanna a bhaineann leo a réiteach. • cruthanna 2-T a fhrithchaitheamh i líne; • cur síos ar chruthanna coitianta 3-T; • líonta de chruthanna 3-T a tharraingt; • airíonna triantán agus ceathairshleasán a aimsiú; • uillinneacha a thomhas, a tharraingt agus a lipéadú.
Sonraí á Láimhseáil	• sonraí a bhailiú, a ghrúpáil, a thaifeadadh agus a chur i láthair i rangeatraimh áirithe; • sonraí a léiriú agus a léirmhíniú agus réimse de ghraif , tháblaí agus léaráidí in úsáid; • teanga na dóchúlachta a thuiscint agus a úsáid	• sonraí a bhailiú, a eagrú, a thaifeadadh agus a léiriú; • réimse de tháblaí, léaráidí agus ghraif a thógáil agus a léirmhíniú; • leathán bailithe sonraí a dhearadh agus a úsáid; • meán agus raon a ríomh agus a úsáid; • dóchúlacht teagmhas a chur i gcomparáid lena chéile agus a chur in ord.

Riachtanais le hAghaidh Úsáid Matamaitice	Dul Chun Cinn in ÚSÁID NA MATAMAITICE trasna an churaclaim	
	Leibhéal 6	**Leibhéal 7**
Trasna an churaclaim, ag leibhéal ata fóirsteanach dá n-ábaltacht, ba chóir go gcuirfí ar chumas daltaí:	**Trí phlé, fadhbanna gnácha agus neamhghnácha a réiteach agus an neamhspleáchas acu ag méadú i réimse leathan de chomhthéacsanna agus chásanna coitianta agus neamhchoitianta, ag úsáid TFC san áit ar cuí sin,**	**Trí phlé, fadhbanna gnácha agus neamhghnácha a réiteach agus an neamhspleáchas acu ag méadú i réimse leathan de chomhthéacsanna agus chásanna coitianta agus neamhchoitianta, ag úsáid TFC san áit ar cuí sin,**
	tig le daltaí:	**tig le daltaí:**
1. na hábhair chuí, an trealamh agus an mhatamaitic chuí a roghnú le húsáid i gcás áirithe; 2. 3. eolas agus coincheapa na matamaitice a úsáid go beacht; 4. bheith ag obair go córasach agus a gcuid oibre a sheiceáil; 5. matamaitic a úsáid le fadhbanna a réiteach agus le cinní a dhéanamh; 6. modhanna agus straitéisí a fhorbairt, ar a n-áirítear an mhatamaitic ó mheabhair; 7. smaointe a fhiosrú, tuair a dhéanamh agus a thástáil agus bheith ag smaoineamh go cruthaitheach; 8. eolas a aimsiú agus a bhailiú; 9. 10. eolas a léamh, a léirmhíniú, a eagrú agus a chur i láthair i bhformáidí matamaitice; 11. tuiscint agus teanga na matamaitice a úsáid le ceisteanna a fhiafraí agus a fhreagairt, le labhairt ar smaointe agus iad a phlé agus le modhanna oibre a mhíniú; 12. cumas airgeadais a fhorbairt; 13. TFC a úsáid le fadhbanna a réiteach agus/nó a gcuid oibre a chur i láthair.	• gníomhaíocht a phleanáil trí chéimeanna comhpháirte a aimsiú agus a chur i seicheamh; • raon d'ábhair/threalamh, teicnící matamaitice agus straitéisí réiteach fadhbanna a bhíonn de dhíth chun cuspóir gníomhaíochtaí a chur i gcrích, a mheas agus a aimsiú; • • a gcuid oibre a dhéanamh go córasach agus go héifeachtúil le céim chuí cruinnis; • a gcuid oibre a athbhreithniú, agus gnáthaimh seiceála chuí in úsáid agus a n-éifeachtacht á meas ag gach céim; • an cur chuige acu a oiriúnú de réir mar is gá; • tuair a dhéanamh agus a thástáil, ráitis ghinearálta agus conclúidí a tharraingt; • eolas ó réimse foinsí a fháil, a phróiseáil agus a léirmhíniú; • • réimse de dhóigheanna oiriúnacha a úsáid le torthaí a chur i láthair, agus gnásanna aitheanta á leanúint acu; • teanga chuí matamaitice a úsáid lena gcuid oibre a chur in iúl agus a mhíniú do spriocghrúpa is leithne;	• ceisteanna a chur le fadhb nó cás a aimsiú; ar dhóigh ab fhearr • gníomhaíocht a phleanáil, agus na fáthanna ar roghnaigh siad struchtúr agus cur chuige á míniú; • na hábhair/trealamh, teicnící matamaitice agus straitéisí réiteach fadhbanna a bhíonn de dhíth a mheas agus a aimsiú; agus míniú áirithe ann • réimse de theicnící agus nodaireacht chuí matamaitice a úsáid • athbhreithniú criticiúil a dhéanamh ar a rathúla a bhí a gcuid gníomhaíochtaí, ag seiceáil a oiriúnaí atá leibhéal a gcuid cruinnis agus torthaí, agus aon laigí a mheas. • cur chuige eile a mheas agus é a oiriúnú de réir mar is gá; • tuair a dhéanamh agus a thástáil agus iarracht a dhéanamh na ráitis ghinearálta a mhíniú; • sonraí/eolas ó níos mó ná foinse amháin a mheas, a aimsiú, a fháil agus a anailísiú; • modhanna cuí a roghnú agus a úsáid le torthaí a léiriú, agus gnásanna aitheanta á leanúint acu; • teanga chuí matamaitice a úsáid lena gcuid torthaí nó réiteach a mhíniú agus a chosaint ;
Cuimsiú/Raon	**Tig le Daltaí:**	
Uimhreas agus Ailgéabar	• áirimh a dhéanamh le huimhreacha dar méid ar bith i gcomhthéacsanna praiticiúla; • coibhéiseachtaí idir codáin, deachúlacha agus céatadáin a úsáid le fadhbanna a réiteach; • deachúlacha a shuimiú, a dhealú, a iolrú agus a roinnt ceart go dtí ionaid áirithe de dheachúlacha; • codáin, ar a n-áirítear uimhreacha measctha, a shuimiú agus dhealú; • cóimheas agus comhréir a thuiscint, a úsáid agus a ríomh; • céatadáin a úsáid i gcomhthéacsanna ábhartha le háirimh a dhéanamh; • coincheapa matamaitice a fheidhmiú ar raon de chásanna airgeadais; • nodaireacht ghnásúil a úsáid in ailgéabar; • foirmlí a úsáid; • foirmlí simplí a athchóiriú.	• ardfheidhmeanna áireamháin a úsáid le háirimh choimpléascacha a dhéanamh; • uimhreacha a shlánú ceart go dtí líon cuí d'ionaid dheachúlacha agus d'fhigiúirí bunúsacha; • uimhir amháin a scríobh mar chéatadán d'uimhir eile, méadú agus laghdú céatadánach a ríomh, agus an chéad chainníocht a fháil nuair a thugtar an toradh ar athrú céatadánach; • na ceithre oibríocht a úsáid le codáin; • comhréir inbhéartach a thuiscint agus a úsáid; • réimse de thoiscí a mheas le cinní eolacha airgid a dhéanamh; • sloinn, cothromóidí agus foirmlí simplí ailgéabair a ionramháil; • cothromóidí líneacha a fhoirmliú; • dhá chomhchothromóid líneacha a réiteach trí ghraf a tharraingt.
Cruth, Spás agus Tomhais	• imlíne ciorcal agus cruthanna ilchodacha a ríomh; • achair ilchodacha maidir le cearnóga, dronuilleoga agus triantáin a ríomh; • achar dromchla agus toirteanna ilchodacha ciúbanna agus ciúbóideach a ríomh; • tomhais a bhaineann le haonaid mhéadracha agus, san áit ar cuí sin, le haonaid impiriúla, a úsáid, a athrú agus a ríomh; • tomhais chomhshuite a thuiscint agus a úsáid ; • scála a úsáid le toisí a oibriú amach; • léiriúcháin 2-T de chruthanna of 3-T a aithint.	• treo-uillinneacha 3 fhigiúr a úsáid le treo a shainmhíniú; • cruth 2-T a mhéadú le fachtóir scála áirithe; • áirimh faid agus achair a dhéanamh ar cheathairshleasáin agus ar an chiorcal; • Teoirim Pythagoras a thuiscint agus a fheidhmiú; • fadhbanna coimpléascacha a bhaineann le himlíne, hachar dromchla agus toirt a réiteach; • é a thuiscint go bhfuil lamháil earráide de leath an aonaid tugtha ag tomhais.
Sonraí á Láimhseáil	• modhanna éagsúla a úsáid le sonraí scoite agus sonraí leanúnacha a bhailiú agus a thaifeadadh; • léaráidí agus graif éagsúla a thógáil ar shonraí scoite agus shonraí leanúnacha agus iad a léirmhíniú; • an t-airmheán agus an mód a fháil agus a úsáid; • an raon agus tomhas amháin de mheán a úsáid le dhá thacar de shonraí a chur i gcomparáid; • scála na dóchúlachta ó 0 go 1 a thuiscint agus a úsáid agus dealraitheacht nó comparáideacht a chur in iúl; • coincheap an árachais mar dhóigh le priacal a mhaolú a thuiscint.	• líne fiosrúcháin dá gcuid féin a chur i bhfeidhm, modhanna cuí bailithe sonraí a úsáid, agus na torthaí a léirmhíniú agus a léiriú; • táblaí minicíochta agus léaráidí a thógáil do thacair de shonraí leanúnacha agus iad a léirmhíniú ; • meastachán a dhéanamh ar an mheán do thacar de shonraí grúpáilte agus an meán (meán, airmheán nó mód) is cuí a roghnú le haghaidh líne áirithe fiosrúcháin; • minicíocht choibhneasta a thuiscint agus a úsáid mar mheastachán dóchúlachta agus an mhinicíocht ionchais a ríomh; • a gcuid eolais ar na rialacha dóchúlachta a chur i bhfeidhm chun toradh/teaglaim de thorthaí a ríomh.

Riachtanais le hAghaidh Úsáid FCT trasna an Churaclaim

Trasna an churaclaim, ag leibhéal atá fóirsteanach dá n-inniúlacht, ba chóir go gcuirfí ar chumas daltaí scileanna FCT a úsáid chun:

Dul Chun Cinn in Úsáid FCT trasna an churaclaim

	Leibhéal 1 Tig le daltaí	Leibhéal 2 Tig le daltaí	Leibhéal 3 Tig le daltaí	Leibhéal 4 Tig le daltaí	Leibhéal 5 Tig le daltaí	Leibhéal 6 Tig le daltaí	Leibhéal 7 Tig le daltaí
Iad a thaiscéaladh • sonraí agus faisnéis a rochtain agus a bhainistiú; • faisnéis a thaighde, a roghnú, a phróiseáil agus a léirmhíniú; • imscrúduithe agus réamhaithrisí a dhéanamh, agus fadhbanna a réiteach trí idirghníomhú le huirlisí digiteacha;	faisnéis a rochtain ó fhoinse dhigiteach ar leith a gcuid smaointe a chur i láthair ar dhóigheanna difriúla ar a n-áirítear foirmeacha grafacha gléas nó timpeallacht dhigiteach a thaiscéaladh agus idirghníomhú leo	faisnéis a rochtain, a roghnú agus a úsáid ó fhoinse dhigiteach ar leith sonraí a bhailiú, a iontráil agus a chur i láthair, agus breathnuithe á ndéanamh gléas nó timpeallacht dhigiteach a úsáid le sraith de threoracha a dhéanamh	faisnéis a rochtain, a roghnú ,eagar a chur uirthi agus í a úsáid ó fhoinsí digiteacha ar leith sonraí a bhailiú, a iontráil, a eagrú agus a chur i láthair, agus conclúidí a dhéanamh gléas nó timpeallacht dhigiteach a úsáid le sraith de threoracha a dhéanamh agus a chur in eagar, le réamhaithrisí a dhéanamh agus le fadhbanna a réiteach.	sócmhainní a thaighde, a roghnú, eagar a chur orthu agus iad a úsáid ó réimse d'fhoinsí digiteacha sonraíocht a thógáil, bunachar sonraí a chruthú, an tsonraíocht a chur isteach, a eagrú, a chuardach agus a chur i láthair agus conclúidí a dhéanamh. fadhbanna i dtimpeallacht dhigiteach a thaiscéaladh agus a réiteach	sócmhainní a thaighde, a roghnú, eagar a chur orthu agus iad a úsáid agus a mheas ó réimse d'fhoinsí digiteacha fadhbanna i réimse de thimpeallachtaí digiteacha a thaiscéaladh agus a réiteach	sócmhainní a thaighde, a roghnú, eagar a chur orthu agus iad a úsáid agus a mheas ó réimse d'fhoinsí digiteacha, ag seasamh le agus ag déanamh tagartha ar a bhfoinsí fadhbanna i dtimpeallachta digiteacha a thaiscéaladh agus a réiteach tríd fhorbairt agus láimhsiú samhlacha iompar inghlactha ar líne a thaispeáint ag úsáid prótacail chomhaontaithe	sócmhainní a thaighde, a roghnú, eagar a chur orthu agus iad a úsáid agus a mheas ó réimse d'fhoinsí digiteacha, a fuarthas agus a chruthaíodh, ag déanamh idirdhealú ar bhainteach, iontaofacht agus chruinneas na faisnéise seo, ag seasamh le agus ag déanamh tagartha ar a bhfoinsí fadhbanna i dtimpeallachta digiteacha a thaiscéaladh agus a réiteach tríd dhearadh réiteach chun tabhairt faoi riachtanais an úsáideora iompar inghlactha ar líne a thaispeáint, ag léiriú tuisceana ar ghnásanna agus phrótacail a bhaineann le timpeallachta difriúla
Iad a chur in iúl • smaointe agus faisnéis a chruthú, a fhorbairt agus a chur i láthair agus i gcló ag úsáid réimse de mheáin dhigiteacha; • faisnéis agus táirgí ilmheánacha a ionramháil ag úsáid réimse de shócmhainní.	smaointe a chur in iúl trí phictiúir a chruthú agus téacs a chumadh trína nguthú féin a chur isteach	téacs a chruthú agus a chur in eagar ar scáileán, íomhánna agus/nó fuaim a chomhcheangal	Smaointe a chur in iúl agus a fhorbairt trí théacs a chruthú agus a chur in eagar ar scáileán - é seo a chomhcheangal le híomhánna fóirsteanacha roghnaithe agus/nó fuaim	sócmhainní a fuarthas nó a féin-táirgíodh a phróiseáil, ar a n-áirítear téacs, uimhreas, fuaim,íomhánna neamhbheo nó beo, agus iad seo a chomhcheangal lena gcuid oibre a chruthú, a chur i láthair agus in iúl, agus tuiscint ar an spriocghrúpa agus ar an chuspóir á léiriú acu	sócmhainní a fuarthas nó a féin-táirgíodh a phróiseáil, téacs, uimhreas, fuaim, íomhánna neamhbheo agus beo á n-imeascadhchun a dtáirgí a chruthú, a chur i láthair agus in iúl,agus tuiscint shoiléir ar an spriocghrúpa agus ar an chuspóir á léiriú acu	meascán de théacs, uimhreacha, fhuaim, íomhánna neamhghluaisteacha agus gluaisteacha a láimhsiú agus a imeascadh chun a bhfaisnéis agus táirgí ilmheánacha a chruthú, a chur I láthair agus a chur in iúl do spriocluchtanna ar leith agus do chuspóirí	úsáid a bhaint as réimse chuí áiseanna bogearraí, ar féidir físeán digiteach, bogearraí ceapadóireachta gréasáin agus ilmheán bheith san áireamh, chun réiteach a dhéanamh a thabharfaidh faoi riachtanais an úsáideora
Iad a mhalartú • cumarsáid a dhéanamh ag úsáid réimse de mhodhanna agus d'uirlisí comhaimseartha; • smaointe a roinnt, a chomhoibriú, a mhalartú agus a fhorbairt go digiteach. • tuiscint an dóigh chun coinneáil sábháilte agus iompraíocht inghlactha ar líne a thaispeáint.			a thuiscint gur féidir modhanna digiteacha a úsáid le faisnéis a chur in iúl agus fios bheith acu an dóigh chun iompar cuí a thaispeáint ar líne	modhanna comhaimseartha digiteacha a úsáid le faisnéis a chur in iúl	réimse de mhodhanna comhaimseartha digiteacha a úsáid le faisnéis a chur in iúl, a roinnt agus a mhalartú lena bpiarghrúpa	réimse de mhodhanna comhaimseartha digiteacha a úsáid le faisnéis a chur in iúl, a roinnt agus a mhalartú le piarghrúpa, saineolaithe agus úsáideoirí deiridh	úsáid a bhaint as modhanna comhaimseartha cumarsáide chun smaointe agus faisnéis a chomhoibriú, a roinnt agus a mhalartú le piarghrúpa, saineolaithe agus úsáideoirí deiridh, a chuireann le timpeallacht chomhoibritheach dhomhanda
Iad a mheas • obair a phlé, a athbhreithniú agus a fheabhsú, an próiseas agus an toradh á gcur san áireamh; • na foinsí agus na hacmhainní a bhí in úsáid a mheas.		bheith ag labhairt ar an dóigh lena gcuid oibre a fheabhsú	a gcuid oibre a mhodhnú	uirlisí agus gnéithe fóirsteanacha FCT a úsáid lena gcuid oibre a fheabhsú	uirlisí agus gnéithe fóirsteanacha FCT a úsáid lena gcuid oibre a fheabhsú ar bhonn leanúnach agus le smaoineamh ar phróiseas agus thoradh	athbhreithniú a dhéanamh ar úsáid FCT, ag luacháil agus ag seasamh leis na próisis agus na torthaí go rialta	athbhreithniú a dhéanamh ar úsáid FCT, ag tástáil agus ag athrú oibre mar is cóir, ag bailiú agus ag tabhairt freagraí ar thuairimí na n-úsáideoirí deiridh agus ar riachtanais cliaint

Iad a léiriú • a gcuid oibre stóráilte a bhainistiú agus a chur i láthair; • a gcuid foghlama trasna an churaclaim a chur ar taispeáint.	a gcuid oibre a phriontáil	a gcuid oibre a shábháil	a gcuid oibre a shábháil lena húsáid lá is faide anonn, agus comhadainmneacha bríocha in úsáid a gcuid oibre a roghnú agus a stóráil i mbanc digiteach lena gcuid foghlama a chur ar taispeáint	a gcuid oibre a eagrú, a stóráil agus a aisghabháil a gcuid oibre a roghnú agus a eagrú i mbanc digiteach lena gcuid foghlama a chur ar taispeáint	a gcuid oibre a eagrú, a stóráil agus a choinneáil banc digiteach dá gcuid oibre a bhainistiú lena gcuid foghlama a chur ar taispeáint trasna an churaclaim	bainistigh a n-obair stóráilte, ag léiriú tuisceana ar fhormáid, iniomparthacht agus mhéid banc digiteach dá gcuid oibre a fhorbairt, a choinneáil agus a chur i láthair lena gcuid foghlama a chur ar taispeáint trasna an churaclaim	bainistigh, stóráil, agus cuir obair i láthair ag glacadh ar bord formáid, méid, iniomparthachta, cóipchirt agus déanamh leagain úsáid a bhaint as uirlisí cuí TFC chun banc digiteach oibre, atá comhdhéanta go loighciúil, a fhorbairt, a bhainistiú agus a chur i láthair lena gcuid foghlama a chur ar taispeáint trasna an churaclaim